Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6926/26**

**MAR 27**
**TRANS 112**
**JAI 300**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Straitéis Eorpach um Chalafoirt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 112 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 112 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2026
COM(2026) 112 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Straitéis Eorpach um Chalafoirt**

{SWD(2026) 81 final}

GA GA

## 1. RÉAMHRÁ

Ar feadh na mílaoiseanna, casadh daoine ar a chéile ag calafoirt, malartaíodh smaointe iontu agus chuaigh earraí tríothu. Mar thoradh ar an méid ollmhór gníomhaíochta a rinneadh timpeall ar chalafoirt, cruthaíodh na cathracha calafoirt a bhfuil cur amach againn orthu sa lá atá inniu ann, agus leathnaíodh tionchar na gcalafort a thuilleadh, rud a d'fhág gur féidir trádáil réigiúnach agus dhomhanda a dhéanamh. Sa lá atá inniu ann, **braitheann neart tionsclaíoch agus acmhainneacht onnmhairiúcháin an Aontais ar a chumas a bheith nasctha go daingean le sreabha trádála domhanda.** Is ionaid fhíor-riachtanacha iad calafoirt ina dtagann geilleagar na hEorpa agus margaí idirnáisiúnta le chéile. Is acmhainní bunriachtanacha iad calafoirt freisin **d'oileáin, do réigiúin chósta agus do na réigiúin is forimeallaí, agus ba cheart iad a chaomhnú.**

Tá baint dhíreach ag an ngeopholaitíocht lenár slabhraí soláthair, agus tá ár gcalafoirt ríthábhachtach **do shlándáil agus d'uathriail straitéiseach na hEorpa.** Ní mór do chalafoirt acmhainneacht a leathnú, dícharbónú a dhéanamh, digiteáil a dhéanamh, agus slándáil a threisiú – agus ní mór iad sin a dhéanamh ag an am céanna agus ar scála. **D'fhéadfaidís a bheith ina láithreacha do bhraislí nua tionsclaíochta, fuinnimh ghlain agus nuálaíochta agus sa lá atá inniu ann tá ról ríthábhachtach acu cheana féin maidir le soláthar fuinnimh, cosaint agus geilleagar gorm an Aontais.**

Leis an gclaochlú, cuirtear deiseanna ar fáil do chalafoirt agus do gheilleagar an Aontais. An tráth céanna, áfach, tá calafoirt neamhchosanta ar leochaileachtaí agus freagrachtaí nua – cuir i gcás líonraí coiriúla eagraithe a chomhrac, cibearbhagairtí agus bagairtí drón, aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le húinéireacht eachtrach agus iomaíocht ó thríú tíortha atá á géarú. De réir mar a théann cumhachtaí domhanda in adharca a chéile chun a réimsí tionchair a leathnú nó a chosaint, bíonn an baol ann go mbeidh calafoirt ina láthair chatha. Ní mór dúinn calafoirt a neartú ina ról mar mhoil trádála iomaíocha agus tacú leo mar bhonneagair chriticiúla do shlándáil eacnamaíoch an Aontais agus mar sholáthraithe seirbhíse poiblí d'athléimneacht ár sochaí.


Láimhseálann **calafoirt an Aontais** níos mó ná 3,4 billiún tona nó 74 % d'earraí a thagann isteach san Eoraip nó a théann amach aisti agus thart ar 395 mhilliún paisinéir gach bliain[1]. Le beagnach 3 mhilliún cuairt ar chalafoirt in aghaidh na bliana, is ón Aontas a thagann 23 % de na cuairteanna ar chalafoirt ar fud an domhain. Shroich a lorg eacnamaíoch láimhdeachas thart ar EUR 90 billiún in 2022 agus thart ar 423 000 post díreach[2]. Tá an gréasán tras-Eorpach iompair bunaithe ar 283 chalafort, 223 chalafort intíre agus 44 chalafort mheasctha. Cuireann calafoirt bheaga agus mheánmhéide seirbhísí tábhachtacha ar fáil sna réigiúin is forimeallaí, i gceantair iargúlta, ar oileáin agus i margaí an-speisialaithe. I measc na ngníomhaithe calafoirt tá údaráis chalafoirt, oibreoirí críochfoirt, oibreoirí tugaí, treoraithe muirí, soláthraithe umair agus saoráidí glactha calafoirt, a thairgeann seirbhísí do chuideachtaí loingseoireachta agus lóistíochta agus do pháirtithe leasmhara eile.

I bpróiseas fairsing comhairliúcháin[3], dheimhnigh an earnáil tionsclaíochta, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara eile gur gá an t-iomaíochas a neartú, calafoirt a chumhachtú san aistriú fuinnimh, dícharbónú a dhéanamh, slándáil agus athléimneacht a fheabhsú, rochtain a fháil ar

[1]https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Maritime_transport_of_goods_-_annual_data
[2] https://data.europa.eu/doi/10.2771/2333701
[3]https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14659-EU-Ports-Strategy_ga,

mhaoiniú agus calafoirt a dhéanamh níos sábháilte agus níos sláine mar áiteanna oibre. Mar gheall ar éagsúlacht na gcalafort, i dtéarmaí méide, suímh, deighleoga margaidh a bhfreastalaítear orthu, samhlacha rialachais, agus páirtithe leasmhara, tá gá le cur chuige leathan solúbtha.

Ag tógáil ar Bheartas um Chalafoirt 2013, **gníomhaíonn an tAontas anois** chun creat a chur ar fáil do thodhchaí na gcalafort Eorpach. Leis an Straitéis Eorpach um Chalafoirt, tugtar le chéile tionscnaimh atá ar siúl faoi láthair agus tionscnaimh nua, simpliú agus treoraíocht maidir leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair a chur chun feidhme[4].




## 2. IOMAÍOCHAS, NUÁLAÍOCHT & DIGITEÁIL A NEARTÚ

### *2.1. An t-iomaíochas domhanda a choinneáil ar bun*

Tacaíonn an straitéis seo le calafoirt an Aontais a n-iomaíochas a choinneáil ar bun agus a neartú. Díríonn sé ar an nuálaíocht agus ar an digiteáil, ar naisc chúlchríche fheabhsaithe, ar thosaíochtaí coiteanna cistiúcháin ón Aontas, ar shimpliú rialála agus ar dheiseanna nua gnó a fhorbairt.

Ó nádúr, is trádáil dhomhanda í an trádáil mhuirí. Dá bhrí sin, oibríonn calafoirt an Aontais i gcomhar le calafoirt ar fud an domhain agus bíonn siad in iomaíocht leo, rud a fhágann go bhfuil an caidreamh sin casta agus ilghnéitheach. Bíonn calafoirt agus cuideachtaí an Aontais i mbun plé le calafoirt tríú tíortha i réimsí amhail fuinneamh glan agus breoslaí malartacha agus déanann siad infheistíocht ar an gcoigríoch mar chuid de shlabhraí lóistíochta domhanda. Tacaíonn roinnt tionscnamh de chuid an Aontais agus roinnt tionscnamh idirnáisiúnta leis na gníomhaíochtaí sin.

Bíonn tionchar ag costais (lena n-áirítear fuinneamh, saothar, infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón stát) agus tosca neamhchostais (go háirithe na caighdeáin agus na dlíthe is infheidhme) ar iomaíochas i gcalafoirt. Is ábhair mhóra imní iad creataí dlíthiúla míchothroma (maidir le gnéithe comhshaoil, sóisialta agus eile) agus straitéisí ionsaitheacha infheistíochta maidir le cothrom iomaíochta. Tá an Coimisiún ag ullmhú don nuashonrú ar chóras trádála astaíochtaí an Aontais in R3 2026, agus don athbhreithniú atá beartaithe ar Rialachán FuelEU Maritime ina dhiaidh sin. Leis an nuashonrú sin, i measc nithe eile, breithneofar aon saincheist

---

[4] Tugann an Straitéis Eorpach um Chalafoirt aghaidh ar ghnéithe iompair de chalafoirt mhuirí agus intíre. Cumhdaítear earnálacha eile an gheilleagair ghoirm, go háirithe an turasóireacht, an iascaireacht agus muiríní, leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan, le straitéis turasóireachta inbhuanaithe an Aontais agus leis na straitéisí Eorpacha do na réigiúin is forimeallaí, do réigiúin chósta agus d'oileáin.

cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann a dhéanann difear d'iomaíochas na gcalafort Eorpach, go háirithe an baol go n-atreorófar trácht chuig calafoirt trasloingsithe nach calafoirt de chuid an Aontais iad.

Lasmuigh den phraghsáil, tá cáilíocht seirbhíse agus naisc chúlchríche éifeachtúla fós ina bpríomhthosca le haghaidh iomaíochas na gcalafort. Tacaíonn an tAontas a thuilleadh leis an earnáil trí thosaíochtaí cistiúcháin a shainiú (féach Iarscríbhinn 1). Trína chláir, tacaíonn an tAontas le hinfheistíochtaí lena neartaítear an inbhuanaitheacht, an t-iomaíochas, an nascacht agus an athléimneacht[5]. Tá bearta breise a bhaineann le monaraíocht agus loingseoireacht mhuirí beartaithe i Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais.

I gcásanna áirithe, cuireann an tAontas cistiú ar fáil freisin do chalafoirt i dtíortha is iarrthóirí agus do thionscadail chalafoirt tríú tíortha maidir le roinnt gnéithe. Leis an straitéis seo, sainíonn an Coimisiún prionsabail shoiléire (Iarscríbhinn 1) a bheidh mar bhonn chun **tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh a théann chun tairbhe don dá thaobh i gcalafoirt tríú tír**. Ba cheart don Choimisiún, do SEGS, d'institiúidí airgeadais an Aontais agus do na Ballstáit na prionsabail sin a chur i bhfeidhm ina dtionscnaimh agus feabhas a chur ar chomhordú agus ar mhalartú faisnéise, i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais.

Ba cheart rochtain ar mhargaí calafoirt tríú tíortha a bheith bunaithe ar choinníollacha cothroma agus neamh-idirdhealaitheacha d'oibreoirí an Aontais agus d'oibreoirí tíortha comhpháirtíochta, go háirithe, breithneoidh an tAontas an leanfaidh sé de rochtain ar an margadh eachtrach a dheonú in earnálacha íogaire — amhail seirbhísí calafoirt — i gcás nach bhfaigheann oibreoirí an Aontais rochtain inchomparáide i dtríú tír. Cuirfidh **an Coimisiún prionsabail na straitéise seo i bhfeidhm sa chaibidlíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta agus creataí comhair**. Leanfaidh sé de rochtain ar an margadh a shaothrú sa chaibidlíocht maidir le comhaontuithe saorthrádála agus, **in éineacht leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), rachaidh sé i dteagmháil le tríú tíortha chun dálaí cothroma infheistíochta agus rochtain do ghnólachtaí an Aontais** ar bhonneagar agus oibríochtaí calafoirt a chur chun cinn. Tairgeoirí ó thíortha a eisiann oibreoirí an Aontais, nó ó thíortha nach bhfuil comhaontuithe tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena n-áirithítear rochtain chothrom agus neamh-idirdhealaitheach, níor cheart dóibh tairbhiú de rochtain neamhshrianta ar lamháltais agus ar sholáthar poiblí a bhaineann le calafoirt an Aontais.

Ar deireadh, **ba cheart ról ceannasach a bheith ag na Ballstáit agus ag a gcomhlachtaí um chaighdeánú maidir le caighdeáin theicniúla dhomhanda a leagan síos i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha**, lena n-áirítear ISO. **Tacóidh an Coimisiún leis na hiarrachtaí sin trí shruth oibre nua maidir le Calafoirt agus Críochfoirt Nuálacha** faoin bhFóram Ardleibhéil um Chaighdeánú Eorpach[6].

[5] Tacaíonn an Coimisiún leis an straitéis Global Gateway agus le tionscnaimh na Comhdhála Aireachta um Fhuinneamh Glan amhail Conairí agus Moil Loingseoireachta Glaise Global Gateway agus Conair Eacnamaíoch idir an India, an Meánoirthear agus an Eoraip nó tionscadail amhail 'Loingseoireacht atá Réidh don Todhchaí san Afraic' chomh maith le tionscnaimh nua a d'fhéadfadh a bheith ann faoin gComhshocrú don Mheánmhuir. Le cur chuige straitéiseach an Aontais i leith Réigiún na Mara Duibhe, neartófar an comhar le tríú tíortha agus le heagraíochtaí iltaobhacha agus le hinstitiúidí airgeadais, agus iomaíochas an Aontais á chaomhnú an tráth céanna.
[6] https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/goods/european-standards/standardisation-policy_en

### *2.2. Slándáil eacnamaíoch chalafoirt an Aontais a áirithiú*

Mar cheannairí domhanda i slabhraí iompair mhuirí agus lóistíochta, meallann calafoirt na hEorpa infheistíocht. Cé go bhfuil fáilte roimh infheistíochtaí agus go bhfuil gá leo, d'fhéadfadh rioscaí slándála a bheith ag baint leo, ag brath ar an bhfoinse. Is féidir le húinéireacht eachtrach nó tionchar ar shócmhainní straitéiseacha calafoirt ceisteanna dlisteanacha a ardú maidir le hailíniú fadtéarmach le leasanna slándála eacnamaíche an Aontais, go háirithe i gcás ina bhfuil gníomhaithe a fhaigheann tacaíocht ó stáit i gceist. Tá an Coimisiún ag tabhairt aghaidh cheana féin ar thionchar eachtrach agus ar shlándáil eacnamaíoch trí roinnt ionstraimí cothrománacha[7] chun a chinntiú nach bhfaighidh cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht stáit eachtraigh buntáistí iomaíocha éagóracha ar mhargadh inmheánach an Aontais.

Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Slándáil Eacnamaíoch an Aontais a Neartú[8], iarrtar go ndéanfadh an tAontas gníomhaíocht níos teanntásaí maidir le húinéireacht, rialú agus oibriú an bhonneagair chriticiúil ag eintitis ardriosca a theorannú. Is féidir leis sin na rioscaí a bhaineann le gaibhniú teicneolaíochta nó spleáchas ar sholáthróirí (ardriosca) a laghdú. Is féidir leis freisin rochtain eintiteas ardriosca ar thionscnaimh arna gcistiú ag an Aontas a chosc agus tacú le forbairt soláthróirí iontaofa fo-chomhpháirteanna criticiúla.

Chun a chinntiú go gcuirfear na rialacha chun feidhme go comhsheasmhach, **forbróidh an Coimisiún treoraíocht do na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais**. Beidh sé sin bunaithe ar chur chuige sistéamach lena n-áireofar na hoibreoirí calafoirt ábhartha uile de réir a róil i slabhraí soláthair criticiúla agus go háirithe i gcás calafoirt a thagann faoi cheanglais an Rialacháin maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata. Bhunófaí leis go háirithe tairseacha agus critéir maidir le tionchar eachtrach, amhail tionchar ar chinntí straitéiseacha, rialú oibríochtaí agus spleáchas ar sholáthróirí ardriosca trealaimh. Beidh **creat ann ina dhiaidh sin chun infheistíochtaí coigríche i gcalafoirt an Aontais a mhapáil agus chun faireachán a dhéanamh orthu**, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le scagadh FDI agus leis an Teachtaireacht ón Aontas maidir leis an tSlándáil Eacnamaíoch.

Ó thaobh na cosanta de, i gcomhréir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata[9], ba cheart do na Ballstáit **na rioscaí a bhaineann le húinéireacht agus rialú eachtrach ar bhonneagair straitéiseacha calafoirt dé-úsáide agus a n-oibríochtaí gaolmhara a chosc agus a mhaolú, agus dul i ngleic leo.** Ba cheart do na Ballstáit measúnú críochnúil a dhéanamh ar chalafoirt ábhartha chun na rioscaí a bhaineann le húinéireacht eachtrach, rialú oibríochtúil agus trealamh ó sholáthróirí ardriosca a mhaolú. Thairis sin, tá na Ballstáit le creataí a bhunú le haghaidh rochtain thráthúil ar acmhainní iompair criticiúla, lena n-áirítear calafoirt, nuair nach féidir bearta malartacha, amhail conraitheoireacht, a shlógadh laistigh den tréimhse ama is gá. **Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir rialú poiblí sealadach nó ceart úsáide poiblí sealadach bonneagair, sócmhainní nó trealaimh dé-úsáide straitéisigh a fháil faoin dlí náisiúnta.** Meabhraíonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé an togra le haghaidh Rialachán maidir leis an tSoghluaisteacht

---

[7] Lena n-áirítear an Rialachán maidir le Scagadh FDI, an Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha, an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil, agus an Dara Treoir NIS, lena gcumhdaítear gnéithe cibearshlándála freisin.

[8] JOIN (2025) 977.

[9] COM(2025) 847 final.

Mhíleata a ghlacadh go pras agus iarrann sé ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear na bearta is gá chun feidhme go hiomlán agus go pras.

### *2.3. Nuálaíocht a dhéanamh i gcalafoirt an Aontais*

Spreag an nuálaíocht gnóthachain éifeachtúlachta agus iomaíochais ar fud earnáil na gcalafort. Trí úsáid níos leithne a bhaint as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail an intleacht shaorga, mar aon le héileamh ar réitigh nuálacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lae inniu (inbhuanaitheacht, éifeachtúlacht fuinnimh, sábháilteacht agus slándáil), réitítear an bealach do réitigh Eorpacha níos nuálaí i gcalafoirt. Mar sin féin, in ainneoin taighde tábhachtach ón Aontas agus cistiú fadtéarmach T&N, ní chuirtear réitigh nuálacha Eorpacha in úsáid níos mó ar an margadh. Chun cur in úsáid tar éis na céime píolótaí a áirithiú, **cuirfidh an Coimisiún béim níos láidre ar an sprioc sin i dtionscnaimh Fís Eorpach a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear an topaic shuaitheanta ar fiú EUR 21 mhilliún 'Calafoirt na Todhchaí'** chomh maith le[10] glaonna Fís Eorpach atá ar na bacáin.

Chun tacú leis an sprioc sin, **neartóidh an Coimisiún ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais maidir le breoslaí malartacha a úsáid, leictriú, dearadh, iarfheistiú trealaimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus digiteáil, agus áireoidh sé leis córais tiontaithe fuinnimh, ciorclaíocht agus réitigh dhigiteacha. Féachfaidh an Coimisiún le comhar príobháideach poiblí a atreisiú faoi Chlár Réime Fís Eorpach 2028-2034 i réimsí tosaíochta**, bunaithe ar chur chuige punainne. San uisce-iompar, cuirfidh sé sin leis an méid a baineadh amach leis an g**Comhpháirtíocht um Uisce-Iompair Astaíochtaí Nialasacha atá comhchláraithe faoi láthair**, d'fhonn **gníomhaíocht an Aontais a neartú agus a leathnú** sa réimse sin, chun sineirgí agus éifeacht scála a chothú idir dícharbónú, digiteáil, uathoibriú agus ciorclaíocht san éiceachóras uisce-iompartha níos leithne.

Le ceardlanna tiomnaithe agus cúnamh teicniúil, is féidir le BlueInvest[11] cuidiú le teicneolaíochtaí nua a thástáil, le bailíochtú margaidh, le cúnamh teicniúil a chur ar fáil agus le tacú le tiomsú airgid agus le glacadh leis an margadh, go háirithe do chalafoirt bheaga agus mheánmhéide. Ina theannta sin, déanfaidh an 'Pobal Eolais agus Nuálaíochta' nua maidir le hEarnálacha agus Éiceachórais Uisce, Mhara agus Mhuirí, faoin Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), calafoirt a chomhtháthú sa 'triantán eolais nuálaíochta' idir ollscoileanna, institiúidí taighde agus gnólachtaí.

Ba cheart do pháirtithe leasmhara earnála **tacú le glacadh agus dáileadh taighde arna chistiú ag an Aontas, dea-chleachtais a chomhroinnt agus comhpháirtíochtaí agus samhlacha nua gnó a fhorbairt a théann níos faide ná dúshláin shonracha/áitiúla.** Ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar cheanglais an mhargaidh i gcoitinne, lena n-áirítear ceanglais na gcalafort beag agus meánmhéide. Moltar do na Ballstáit freisin **nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe a chuíchóiriú chun go mbeifear in ann glacadh go tapa leis an nuálaíocht i gcalafoirt.**

[10] Le 'Calafoirt na Todhchaí', i gclár oibre Fís Eorpach 2026/27, cuirtear macasamhlú chun cinn ar fud calafoirt bheaga agus mheánmhéide. Leis an tionscnamh suaitheanta 'an Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh', dí-rioscaítear teicneolaíochtaí breosla in-athnuaite. Tá EUR 218 milliún ar an iomlán curtha ar fáil ag Fís 2020 agus ag Fís Eorpach chun tacú leis an nuálaíocht ag calafoirt.

[11] https://maritime-forum.ec.europa.eu/theme/investments/blueinvest_en

### *2.4. Oibríochtaí calafoirt agus slabhraí lóistíochta atá éifeachtúil agus digiteach*

Léirigh an méadú ar mheánamanna feithimh ag calafoirt mhóra an Aontais in 2024[12] an chaoi a gcuirtear srian méadaitheach ar nascacht mhuirí mar gheall ar tháirgiúlacht críochfoirt agus naisc chúlchríche, seachas rochtain ar muir amháin[13]. Cuireann naisc neamhéifeachtúla iarnróid agus uiscebhealaí intíre, mar aon le soithí móra agus spás teoranta, bac ar oibríochtaí. Trí na naisc sin a neartú, is féidir amanna idirthurais agus costais a laghdú, slabhraí soláthair a fheabhsú agus tacú le trádáil laistigh den Aontas agus le comhpháirtithe, lena n-áirítear calafoirt na Meánmhara.

Is príomhghné den ghréasán tras-Eorpach iompair é an Spás Muirí Eorpach(SME). **Sa phlean oibre SME atá ar na bacáin, tabharfaidh an** comhordaitheoir SME **tosaíocht d'fhorbairt mol agus nasc loingseoireachta gearrthurais atá inbhuanaithe agus glas, cuirfidh sé comhar idir calafoirt chun cinn,** agus béim á leagan ar chalafoirt bheaga, **ar uasghrádú an bhonneagair mhuirí** agus **ar chomhtháthú le hiompar d'iarnród** agus **d'uiscebhealach intíre**. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don aistriú módach, **neartóidh an Coimisiún na rialacha maidir le rochtain ar shaoráidí seirbhísí iarnróid**[14] agus molfaidh sé **Plean Gníomhaíochta um Iompar d'Uiscebhealach Intíre le haghaidh na tréimhse 2028-2034**, ina ndíreofar ar chalafoirt intíre freisin.

Ní mór do na **Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara an tionscail an méid sin a fhorlíonadh, agus ba cheart dóibh tosaíocht níos airde a thabhairt do naisc chúlchríche le hiarnróid agus le huiscebhealaí intíre**[15]. Is cuid ríthábhachtach den iomaíochas é a bheith in ann dul in oiriúint do dhúshláin an lae inniu agus freagairt thapa a thabhairt orthu agus, dá bhrí sin, ba cheart **solúbthacht leordhóthanach a bheith ag baint le lamháltais chalafoirt agus conarthaí léasa talún.** Moltar do na Ballstáit **pleanáil úsáide talún agus nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú chun gur féidir limistéir bhreise a fhorbairt go tapa lena n-úsáid ag calafoirt**, agus an comhshaol agus sláinte an duine á gcosaint ag an am céanna i gcomhréir leis an Rialachán atá beartaithe chun dlús a chur le measúnuithe comhshaoil[16].

Is féidir le feidhmchláir dhigiteacha cuairteanna ar chalafoirt a bharrfheabhsú, agaí athluchtaithe a fheabhsú, amanna feithimh a laghdú agus úsáid acmhainní a bharrfheabhsú, agus astaíochtaí a laghdú agus sábháilteacht agus slándáil a fheabhsú ag an am céanna. Le tionscnaimh dhigiteacha an Aontais[17], éascófar tuairisciú gnólacht le rialtas agus próisis chustaim. Thairis sin, tacaíonn SCE Seirbhísí digiteacha le teicneolaíochtaí 5G a chur in úsáid i gcalafoirt.

Tá malartú sonraí gnólacht le gnólacht ilroinnte agus is minic a bhíonn sé ceangailte le bogearraí dílseánaigh. Trí chórais a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, is féidir infheictheacht an tslabhra soláthair a fheabhsú gan ardáin láraithe a fhorchur agus déantar infheistíochtaí TF

[12] https://www.beacon.com/resources/global-port-congestion-2024-year-in-review
[13] Drewry, Ports & Terminals Insight, R1 2025, 28/02/2025
[14] http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2177/oj
[15] I gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1679, Airteagal 29 den Rialachán maidir le toilleadh bonneagair iarnróid, agus úsáid á baint as na forálacha comhairliúcháin faoin Rialachán maidir le Seirbhísí Calafoirt.
[16] COM(2025) 391 final.
[17] Amhail an timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí (EMSWe), an fhaisnéis leictreonach faoi iompar lastais (eFTI) agus an t-athbhreithniú a dhéanfar go luath ar Chód Custaim an Aontais.

atá ann cheana a choimirciú. Bunóidh an Coimisiún **treoirlínte an Aontais maidir le comhroinnt éifeachtúil sonraí sa slabhra iompair**, mar aon le gníomhaíochtaí na mBallstát[18].

### *2.5. Margadh inmheánach feidhmiúil agus iomaíocht chóir*

Buntáiste iomaíoch do chalafoirt an Aontais is ea margadh inmheánach feidhmiúil. Tacaíonn sé freisin le huathriail straitéiseach na hEorpa, agus cosnaíonn sé fostaíocht in earnáil na gcalafort. Bhí trádáil agus an margadh inmheánach i gcroílár an bheartas an Aontais um chalafoirt 2013[19]. Cé go bhfuil an dul chun cinn le feiceáil, cuireann cur chun feidhme neamhréireach rialacha an mhargaidh aonair ar fud na mBallstát, struchtúir athraitheacha an mhargaidh calafoirt, agus próisis cheadaithe mhalla buntáistí iomaíocha an Aontais i mbaol.

Le rialacha an Aontais maidir le státchabhair, tugtar creat do chistiú ó na Ballstáit do chalafoirt agus soláthraítear soiléireacht dhlíthiúil, trédhearcacht agus intuarthacht. Leis na rialacha athbhreithnithe maidir le calafoirt agus naisc mhuirí sa Chinneadh maidir le Seirbhís lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta (SLEG), is féidir leis na Ballstáit tacú le calafoirt níos lú ar bhealach níos éifeachtúla, ar fud na n-oileán, na réigiún cósta agus na réigiún is forimeallaí[20]. Ní mór do chalafoirt aghaidh a thabhairt freisin ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn (slándáil, cibearshlándáil, digiteáil, soghluaisteacht mhíleata agus athsciliú oibrithe calafoirt le haghaidh teicneolaíochtaí nua), agus níor cheart an iomaíocht a shaobhadh trí infheistíochtaí a mhaoiniú chuige sin. Tá an Coimisiún ag athbhreithniú **Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún ('an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine' – RGBD)** faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, i gcás inarb iomchuí, agus i bhfianaise thoradh an chomhairliúcháin phoiblí freisin, déanfaidh an Coimisiún measúnú **ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le tairseacha a athrú** agus **soláthróidh sé treoraíocht bhreise**, agus tabharfaidh sé samplaí agus soiléirithe léirmhínitheacha ar rialacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine, lena n-áirítear le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar calafoirt. In éineacht leis na Treoirlínte maidir le hIompar de Thalamh agus Iompar Ilmhódach atá ar na bacáin, éascóidh an Rialachán maidir le Blocdhíolúine Iompair nua tacaíocht phoiblí do shaoráidí iompair ilmhódaigh atá i gcalafoirt mhuirí agus a bhfuil naisc iarnróid nó uiscebhealaí intíre acu, rud a chuirfidh feabhas ar naisc chúlchríche.

Tá ról ríthábhachtach ag **comhaontuithe lamháltais agus léasa talún** le hoibreoirí críochfoirt calafoirt maidir le caipiteal a mhealladh agus borradh a chur faoi iomaíochas na gcalafort Eorpach. Leis na comhaontuithe sin, soláthraítear an creat le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha, rud a chuireann ar a gcumas do chalafoirt rath a bheith orthu agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha na sochaí. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na Ballstáit agus ag údaráis chalafoirt **cothromaíocht a bhaint amach idir toradh ar infheistíochtaí d'oibreoirí príobháideacha agus oibleagáidí conarthacha oiriúnacha** (fad, coinníollacha trédhearcacha agus cothroma le haghaidh athnuachaintí, clásail solúbthachta) chun athléimneacht, slándáil, sábháilteacht agus laghdú astaíochtaí a áirithiú. Áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfar rialacha an mhargaidh inmheánaigh ar fud chalafoirt an Aontais.

Tá athrú ag teacht ar thírdhreach traidisiúnta na gcalafort mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar chomhtháthú ingearach na n-oibreoirí móra lóistíochta agus loingseoireachta. Is féidir le comhtháthú ingearach feabhas a chur ar intuarthacht na forbartha tráchta agus, ar an gcaoi sin,

[18] Faoin gCuibhreannas don Bhonneagar Sonraí Eorpach, https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/edic.
[19] COM(2013) 295 final.
[20] http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2630/oj

tacú le pleananna infheistíochta fadtéarmaí, éifeachtúlachtaí agus nuálaíocht a sholáthar ar fud slabhraí lóistíochta, costais idirbhirt a laghdú agus cáilíocht seirbhíse a fheabhsú d'úsáideoirí. Ag an am céanna, ba cheart iomaíocht éifeachtach i measc oibreoirí a chaomhnú i gcomhréir le rialacha infheidhme an Aontais in aghaidh trustaí agus maidir le cumaisc. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar **threoirlínte cumaisc an Aontais** d'fhonn treoir shoiléir nuashonraithe a chur ar fáil maidir le rialacha cumaisc an Aontais a chur i bhfeidhm ar éifeachtaí cothrománacha agus neamhchothrománacha cumasc araon.

***Gníomhaíochtaí suaitheanta***

- *Treoirphrionsabail a úsáid maidir le cistiúchán agus infheistíochtaí ón Aontas i gcalafoirt tríú tír (Iarscríbhinn 1).*
- *Treoraíocht a fhorbairt do na Ballstáit ina bhfuil critéir chun measúnú a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche i gcalafoirt i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais.*
- *Tacú le claochlú digiteach agus glas chalafoirt na hEorpa trí nuálaíocht, uas-scálú, macasamhlú agus glacadh trealaimh agus teicneolaíochtaí nuálacha calafoirt a chur chun cinn.*

## 3. AISTRIÚ FUINNIMH, INBHUANAITHEACHT & TIONSCLAÍOCHT GHLAN A CHUR CHUN CINN

### *3.1. Calafoirt mar chumasóirí an aistrithe fuinnimh*

Ós rud é go mbaineann thart ar 40 % de na tráchtearraí a láimhseáiltear le fuinneamh, tá calafoirt ina moil straitéiseacha fuinnimh agus thionsclaíocha anois.

***Leictriú calafort: bunchloch an dícharbónaithe***

62 % de na calafoirt Eorpacha a ndearnadh suirbhé orthu a thairgeann cumhacht ar tír ag beart amháin nó níos mó[21], ach tá an dul chun cinn míchothrom[22] agus tá srianta acmhainneachta fós ann agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh[23]. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chur in úsáid an tsoláthair cumhachta ar tír trí EMSA agus tríd an bhFaireachlann Eorpach um Breoslaí Malartacha. Sa **Phlean Gníomhaíochta um an Leictriúchán** atá ar na bacáin, **tabharfaidh an Coimisiún bearta nua isteach chun tacú le leictriú calafort**. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún **trédhearcacht níos fearr a chur chun cinn maidir le praghsáil soláthair cumhachta ar tír**, agus éileamh a thuar ar bhealach níos fearr.

De réir mar a thiocfaidh méadú ar an éileamh ar leictreachas i gcalafoirt, beidh acmhainneacht leordhóthanach eangaí ríthábhachtach. **Ba cheart do na Ballstáit tacú le teicneolaíochtaí neamhshreinge agus le réitigh eangaí cliste, le nósanna imeachta digiteálaithe agus le húsáid níos fearr a bhaint as sócmhainní eangaí atá ann cheana.** Ina theannta sin, go háirithe i gcás calafoirt bheaga agus mheánmhéide, ba cheart réitigh bainistithe éilimh a chur chun cinn. Tacaíonn togra GTE-F athbhreithnithe[24], mar aon le Rialachán GTE-I, le bonneagar calafoirt a fhorbairt, agus le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a chomhtháthú. **Ba cheart**

---

[21] ESPO, Environmental Report 2025 - EcoPorts inSights 2025.
[22] soláthar cumhachta ar tír ísealvoltais den chuid is mó, cé go bhfuil soláthar cumhachta ar tír ardvoltais le haghaidh longa níos mó fós gann.
[23] https://data.europa.eu/doi/10.2833/7036399.
[24] COM(2025) 1006 final.

**do na Ballstáit sineirgí a neartú idir GTE-I agus GTE-F agus pleanáil gréasáin leictreachais eile,** go háirithe le haghaidh conairí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart riachtanais ar tír a áireamh sna pleananna maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta atá ar na bacáin, rud ba cheart a léiriú freisin i bpleananna forbartha gréasáin náisiúnta maidir le leibhéil tarchuir agus dáileacháin.

***Ceadú agus dlús a chur le naisc eangaí***

Tá saoráidí calafoirt níos mó agus níos treisithe de dhíth ar shuiteálacha gaoithe amach ón gcósta agus ar shuiteálacha ar snámh le haghaidh cóimeála, stórála agus cur in úsáid, spás fisiceach níos mó agus nascadh eangaí níos fearr. Leis an **bPacáiste um na hEangacha Eorpacha**[25] agus leis an **treoraíocht maidir le naisc eangaí éifeachtúla agus tráthúla**[26], **cuirfear dlús le naisc leis an eangach le haghaidh tionscadail inmharthana**, lena n-áirítear i gcalafoirt de gach méid. Tacóidh an Tionscnamh um Chomhar Tras-Mheánmhuirí i leith Fuinneamh In-athnuaite agus Teicneolaíocht Ghlan le nascacht fuinnimh inbhuanaithe i measc chalafoirt na Meánmhara. Le hardán nua le haghaidh phleanáil gréasáin dáileacháin an Aontais agus idirphlé le hOibreoirí Córais Tarchuir (OCTanna), Oibreoirí Córais Dáileacháin (OCDanna), agus údaráis rialála náisiúnta, tabharfar aghaidh ar dhea-chleachtais maidir le forbairt eangaí a sheicheamhú, lena n-áirítear meithleacha sonracha le húsáideoirí gréasáin, lena n-áirítear calafoirt maidir le pleanáil eangaí. Ina measúnuithe de réir an cháis, **ba cheart do na Ballstáit a thoimhdiú freisin**[27] **go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin leictreachais, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír i gcalafoirt, agus ar an gcaoi sin úsáid eangach i limistéir chalafoirt a shimpliú.**

***Calafoirt mar mhoil táirgthe agus soláthair ilbhreosla***

Le creat rialála an Aontais[28] agus leis an bPlean Infheistíochta um Iompar Inbhuanaithe, leagtar béim ar ról na gcalafort maidir le breoslaí glana a chur i bhfeidhm. Cé go n-áirithítear solúbthacht agus athléimneacht le cur chuige ilbhreosla, cuireann éileamh éiginnte ar bhreoslaí moill ar infheistíocht agus, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach an dá fhórsa margaidh sin a mheaitseáil. Cé go bhféachann Fuel EU Maritime agus na bearta a chuirtear chun cinn i straitéis mhuirí Thionsclaíoch an Aontais ar ghné an éilimh, ó thaobh an tsoláthair de, **breithneoidh an Coimisiún, i gcomhthéacs Phacáiste an Aontais Fuinnimh atá ar na bacáin, conas infhaighteacht breoslaí inbhuanaithe i gcalafoirt a chur chun cinn**. San athbhreithniú atá ar na bacáin ar an Rialachán maidir le bonneagar breoslaí malartacha[29], **breithneofar bearta chun dlús a chur le bonneagair breoslaí malartacha a chur in úsáid le haghaidh na loingseoireachta**. An tráth céanna, ba cheart rialacha maidir le breoslaí umair in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhchuibhiú ar fud an Aontais i gcomhréir le Treoir an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite chun neamhréireachtaí agus iomaíocht shaofa laistigh de mhargadh inmheánach an Aontais a sheachaint. In éineacht le bunachar sonraí éifeachtach de chuid an Aontais, beidh cuideachtaí loingseoireachta idirnáisiúnta in ann breoslaí in-athnuaite agus

[25] An 'Pacáiste um na hEangacha Eorpacha', COM(2025) 1005 final.
[26] Fógra ón gCoimisiún 'Treoraíocht maidir le naisc eangaí éifeachtúla agus tráthúla' (C/2025/6703).
[27] COM(2025) 1007 final.
[28] Lena n-áirítear an Rialachán maidir le bonneagar breoslaí malartacha, an Rialachán maidir le FuelEU Maritime, iompar muirí a áireamh in CTA AE, chomh maith le Rialachán GTE-I agus Rialachán GTE-F.
[29] http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1804/oj

ísealcharbóin a rianú, rud a chumasóidh córas láidir deimhniúcháin agus inrianaitheachta uile-Aontais lena maolófar go héifeachtach rioscaí neamhrialtachtaí agus calaoise.

Rannchuideoidh an Comhshocrú don Mheánmhuir le glacadh breosla ísealcharbóin agus in-athnuaite don mhuiriompar, agus iomaíochas chalafoirt an Aontais á chosaint an tráth céanna. Is féidir acmhainní móra tiomnaithe a shlógadh chun dícharbónú a mhaoiniú trí ioncam Chóras Trádála Astaíochtaí (CTA) an Aontais arna chur ar ceant ag Ballstáit an Aontais tar éis an córas a leathnú chuig an earnáil mhuirí. Ós rud é go bhfuil ceangal dlíthiúil ar na Ballstáit ioncam ó CTA AE a úsáid le haghaidh infheistíocht i mbearta aeráide, **molann an Coimisiún go láidir do na Ballstáit cuid d'ioncam CTA a leithdháileadh** ar infheistíochtaí dícharbónaithe muirí ar fud na braisle muirí san Eoraip[30]. Chun tionchar a uasmhéadú agus éifeachtaí sineirge a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear idir longúinéirí, longchlóis, soláthróirí teicneolaíochta agus breosla agus páirtithe leasmhara calafort, **comhordóidh an Coimisiún iarrachtaí na mBallstát agus éascóidh sé malartú dea-chleachtas**, lena n-áirítear trí threoirlínte, b'fhéidir.

Chun pleanáil infheistíochta a threorú, déanfaidh **an Chomhghuaillíocht um Breoslaí In-athnuaite agus Ísealcharbóin** measúnú, faoi dheireadh 2026, ar **an toilleadh bonneagair agus ar riachtanais a bheidh ann amach anseo maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a sholáthar i gcalafoirt agus chuig calafoirt.** Ina theannta sin, spreagfaidh an Chomhghuaillíocht um Breoslaí In-athnuaite agus Ísealcharbóin plé idir longúinéirí, tionscal na mbreoslaí inbhuanaithe agus institiúidí airgeadais d'fhonn táirgeadh agus soláthar breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn in earnáil an uisce-iompair. Is féidir le calafoirt a bheith ríthábhachtach do ghleannta hidrigine[31] a bhfuil críochfoirt allmhairithe hidrigine trasteorann acu a áirítear faoi GTE-F. Déanfaidh an Coimisiún, faoin gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan, **staidéar a choimisiúnú go luath in 2026 chun bonn taca a chur faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin i gComhghuaillíocht na gCalafort Domhanda Hidrigine** faoin gComhdháil Aireachta um Fhuinneamh Glan.

***Braislí tionsclaíocha agus comhroinnt fuinnimh i limistéir chalafoirt***

Is príomhchumasóirí iad calafoirt do thionscal na hEorpa atá bunaithe ar fhuinneamh glan. Mar sin féin, is féidir le pleanáil ilroinnte, comhordú teoranta idir calafoirt agus le braislí tionsclaíocha, mar aon le héiginnteacht maidir leis an éileamh ar bhonneagar fuinnimh amach anseo infheistíocht a mhoilliú agus éifeachtúlacht an chórais a laghdú. Iarrann **an Coimisiún ar na Ballstáit tacú le comhar struchtúrtha idir calafoirt agus braislí tionsclaíocha áitiúla**, chun cur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, comhroinnt fuinnimh, athúsáid dramhtheasa, réitigh stórála agus forbairt pobal fuinnimh atá dírithe ar chalafoirt agus comhtháthú le líonraí áitiúla téimh agus fuaraithe a chur chun cinn. Tacóidh an Coimisiún le **comhpháirtíochtaí le calafoirt, le húdaráis áitiúla agus le braislí tionsclaíocha.** Le **fochlár don Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE**, maoineofar tionscadail lena gcuirtear comhar

[30] Amhail táirgeadh agus glacadh breoslaí inbhuanaithe, feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh long, athnuachan cabhlaigh, infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí muirí glana nuálacha, agus bonneagar inbhuanaithe agus soláthar cumhachta ar tír i gcalafoirt.

[31] Tugadh tacaíocht EUR 253 mhilliún do 21 thionscadal ó bhí 2019 ann. An Chomhpháirtíocht don Hidrigin Ghlan, Staidéar ar Hidrigin, Calafoirt agus Limistéir Chósta Thionsclaíocha.

fuinnimh áitiúil chun cinn, agus is féidir le calafoirt iarratas a dhéanamh ar ghlaonna ar thograí atá beartaithe d'earrach 2026 agus 2027.

Spreagann an Coimisiún **comhar níos dlúithe idir calafoirt, cuideachtaí fuinnimh, oibreoirí eangaí agus údaráis áitiúla** agus tá sé réidh chun treoir neamhfhoirmiúil a chur ar fáil maidir le saincheisteanna in aghaidh trustaí[32], agus treoirlínte an Choimisiúin maidir le comhaontuithe cothrománacha comhair á gcur san áireamh[33]. Eagróidh an Coimisiún **sraith ceardlann spriocdhírithe do chalafoirt**, maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil phríomhreachtaíocht fuinnimh an Aontais, comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh, hidrigin ghlas agus breoslaí malartacha[34] agus maidir le teicneolaíochtaí amach ón gcósta agus teicneolaíochtaí glan-nialasacha a chur in úsáid, lena n-áirítear bainistiú agus stóráil $CO_2$.

### *3.2. Inbhuanaitheacht chomhshaoil a neartú agus nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú*

Is sócmhainní eacnamaíocha ríthábhachtacha agus limistéir atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de iad calafoirt[35],, rud a éilíonn an t-iomaíochas a ailíniú le cosaint an chomhshaoil agus leis an dícharbónú. Le creat dlíthiúil an Aontais[36] saothraítear an chothromaíocht sin, lena n-áirítear trí sholúbthachtaí sonracha a bheartú i gcásanna leasa phoiblí sháraithigh. Tacaíonn beartais bhreise de chuid an Aontais le laghdú truaillithe, le hathchóiriú éiceachórais, le réitigh dhúlrabhunaithe agus leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe. Aithnítear sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan[37] agus sa Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce róil na gcalafort maidir le héiceachórais mhuirí a chosaint in éineacht leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus le creat Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht[38]. Mar iarracht níos leithne chun borradh a chur faoin iomaíochas san Aontas, **déanfaidh an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí chun an t-ualach rialála a shimpliú** agus cosaint an chomhshaoil á cosaint ag an am céanna. Déanfaidh an Coimisiún **athbhreithniú ar an nGníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide chun inúsáidteacht na gcritéar scagtha teicniúil a fheabhsú agus chun iad a shimpliú agus a thabhairt cothrom le dáta chun forbairtí beartais, reachtacha agus teicneolaíocha a léiriú.**

Leis an **Rialachán atá beartaithe maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil[39]**, cuirfear dlús le measúnuithe le digiteáil, amlínte laghdaithe, measúnuithe comhcheangailte agus pointí teagmhála aonair. **Is féidir le tionscadail dícharbónaithe calafoirt a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leo don Aontas tairbhiú d'fhormheas intuigthe, agus de thosaíocht nós imeachta agus bhreithiúnach.**

Tacaíonn **Plean Gníomhaíochta RESourceEU** le calafoirt a bheith ina moil straitéiseacha le haghaidh gníomhaíochtaí ciorclacha amhail athchúrsáil mhórscála dramh-mhiotail nó ábhar

---

[32] Rinneadh é sin i gCás AT.40976 – Críochfoirt APM, treoirlitir dar dáta an 9.7.2025 (COM/2025/4523 final).
[33] (2023/C 259/01).
[34] Lena n-áirítear bithbhreoslaí agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBOnna).
[35] https://data.europa.eu/doi/10.2832/3479075.
[36] Bunaithe ar na Treoracha maidir le Gnáthóga agus Éin, ar an Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh, ar an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra agus arna gcomhlánú leis an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí agus leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí.
[37] '*An Comhshocrú Eorpach um an Aigéan*', COM/2025/281 final.
[38] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32021R2139 (go háirithe gníomhaíocht 6.16.).
[39] COM(2025) 391 final.

comhchodach, próiseáil agus athchúrsáil ardábhar, arna gcumhachtú ag fuinneamh glan[40]. Leis an aistriú chuig breoslaí glana, athraíonn sruthanna dramhaíola guaisí agus teastaíonn saoráidí glactha iomchuí. Leis an Treoir Réime athbhreithnithe maidir le hUisce[41], tugtar solúbthachtaí do na Ballstáit maidir le húdarú a thabhairt do thionscadail a bhfuil tionchair ghearrthéarmacha acu nó gníomhaíochtaí lena ndéantar stádas ceimiceach na ndobharlach a mheathlú gan an truailliú foriomlán a mhéadú[42]. Eiseoidh an Coimisiún tuilleadh treorach maidir le ceadú sa Treoir Réime maidir le hUisce in 2026. **Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint, i gcás inarb ábhartha, as na forálacha a bhaineann le forbairt calafoirt faoin Treoir Réime maidir le hUisce** agus **a áirithiú go gcuirfear rialacha nua comhshaoil maidir le truailliú mara ó loingseoireacht i gcalafoirt chun feidhme go tráthúil.**

**Moltar do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar thruailleáin aeir i gcalafoirt agus a bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus a gCláir Náisiúnta um Rialú ar Thruailliú Aeir á gcur chun feidhme acu.** Tá sé dúshlánach foinsí astaíochtaí agus truailleán eile a shainaithint agus a mheasúnú mar gheall ar chastacht na ngníomhaíochtaí calafoirt[43]. Leag tionscadail arna gcistiú ag an Aontas béim ar an ngá atá le cur chuige comhaontaithe, modheolaíocht choiteann agus cur i bhfeidhm coiteann. Beidh sé d’aidhm ag an gCoimisiún **tomhas agus tuairisciú níos comhsheasmhaí a dhéanamh ar astaíochtaí i gcalafoirt**, le tacaíocht ó thuilleadh taighde agus nuálaíochta.

***Gníomhaíocht shuaitheanta***

- *Dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna agus nósanna imeachta measúnúcháin níos tapúla a chur ar fáil do thionscadail straitéiseacha fuinnimh, athchúrsála agus dícharbónaithe a bhaineann le calafoirt tríd an bPacáiste um na hEangacha Eorpacha agus tríd an omnibus comhshaoil.*
- *Dlús a chur le leictriú calafort, rochtain thráthúil agus neamh-idirdhealaitheach ar na heangacha a sholáthar.*
- *Comhpháirtíochtaí a chur chun cinn le haghaidh comhar fuinnimh i limistéir chalafoirt agus timpeall orthu le haghaidh úsáid inbhuanaithe fuinnimh, lena n-áirítear hidrigin.*

## 4. CALAFOIRT A CHOSAINT & A DHAINGNIÚ

### *4.1. Slándáil inmheánach*

Tá méadú tagtha ar an sceimhlitheoireacht, ar an tsabaitéireacht, ar an gcoireacht eagraithe agus ar an éilliú mar gheall ar an tírdhreach geopholaitiúil atá ag athrú, agus tá cibearbhagairtí/bagairtí hibrideacha mar aon le dróin aerbheirthe agus uisce ar fud na hEorpa mar thoradh air. Tá méadú ag teacht ar raon gníomhaíochtaí sabaitéireachta agus hibrideacha atá faoi bhun thairseach ionsaí armtha na Rúise a léiríonn saintréithe atá inchomparáide leis an sceimhlitheoireacht státurraithe. Tá réigiún Mhuir Bhailt agus a chalafoirt fós neamhchosanta go háirithe ar ghníomhaíochtaí cogaíochta hibridí na Rúise. Ba cheart creataí dlíthiúla an Aontais agus creataí dlíthiúla náisiúnta a úsáid go córasach chun an sceimhlitheoireacht agus an chogaíocht hibrideach a chomhrac, agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart athbhreithniú a

[40] Plean Gníomhaíochta RESourceEU, COM(2025) 945 final.
[41] http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj
[42] Mar shampla, uisce nó dríodair atá truaillithe cheana féin a athlonnú.
[43] Easpa sonraí maidir le cáilíocht an aeir: https://www.eea.europa.eu/en/analysis/publications/maritime-transport-2025.

dhéanamh orthu[44]. Tá gá le comhar idir na húdaráis ábhartha chun an comhrac i gcoinne imchéimniú na mbeart sriantach a neartú a thuilleadh agus chun tacú le freagairtí éifeachtacha an Aontais.

**Tabharfaidh an Coimisiún cothrom le dáta an treoraíochta atá ann cheana** maidir le reachtaíocht slándála muirí **chun gach bagairt ábhartha a chumhdach go leordhóthanach**, lena n-áirítear cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha, gáinneáil aindleathach agus úsáid mhailíseach ladrann neamh-mhíleata, le cúnamh ó ghníomhaireachtaí amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA). **Chun slándáil na gcalafort a chinntiú ar an leibhéal domhanda i gcoinne bagairtí den sórt sin, oibreoidh an Coimisiún le Ballstáit an Aontais i dtreo treoir idirnáisiúnta nuashonraithe laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO).** Tá gá le bailiú agus anailís sonraí níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sceimhlitheoirí agus coireachta eagraithe maidir le gáinneáil trí chríochfoirt paisinéirí agus iompar muirí tráchtála. Ní mór oiliúint níos fearr a chur ar oibrithe calafoirt agus iad a chosaint mar chomhpháirtithe sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe, na mbeart, na gcibearbhagairtí agus na mbagairtí hibrideacha.

**Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach:** Leagtar béim i **straitéis slándála inmheánaí an Aontais Eorpaigh**[45] ar an gcaoi a bhfuil calafoirt tagtha chun bheith ina bpríomhspriocanna maidir le bagairtí seachtracha agus déantar foráil inti maidir le slándáil mhuirí chun aghaidh a thabhairt ar dhróin agus ar shabaitéireacht ar cháblaí faoin bhfarraige agus chun slándáil an chalafoirt agus an tslabhra soláthair a fheabhsú, lena n-áirítear tíortha comharsanachta. Le **Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh,** tugtar aghaidh ar athléimneacht agus ar chosaint calafort mar bhonneagar criticiúil muirí. Chun dul i ngleic le hinsíothlú coiriúil, **cuirfidh an Coimisiún straitéis AE in aghaidh an éillithe i láthair** in 2026, ag tógáil ar an Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac.

Déanann Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach an gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac trí údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis chustaim, údaráis chalafoirt agus lucht tionscail a thabhairt le chéile. Neartaíonn sé athléimneacht calafort trí chomhar, dea-chleachtas a chomhroinnt agus bearnaí oibríochtúla a shainaithint. Ag tógáil ar an obair sin, **molfaidh an Coimisiún creat de chuid an Aontais le haghaidh seiceálacha cúlra d'oibrithe calafoirt. Leathnófar iarrachtaí slándála freisin chuig calafoirt intíre, lena n-áirítear iad siúd nach gcumhdaítear leis an gCód ISPS, i gcomhar le coimisiúin aibhneacha. Foilseoidh an Coimisiún dea-chleachtais chun gáinneáil ar dhrugaí a chosc agus fiosróidh sé tuilleadh comhair le tíortha is iarrthóirí.**

Ní mór dul i ngleic cheana féin le héilliú lasta agus insíothlú coiriúil a chosc agus a bhrath ag calafoirt imeachta neamh-AE. Chuige sin, **ní mór don Choimisiún agus do SEGS creataí réigiúnacha a fhorbairt go comhpháirteach chun comhoibriú le tríú tíortha chun slándáil calafort a fheabhsú, bunaithe ar fhreagracht chomhroinnte, agus le tacaíocht ó Global Gateway nó ó ionstraimí comhair eile i gcás inar féidir. Sa chomhthéacs sin, déanfar measúnuithe spriocdhírithe ar chalafoirt tríú tír ardriosca chun bearnaí slándála a**

[44] Teachtaireacht maidir le réigiúin teorainn an Aontais i dteorainn leis an Rúis, leis an mBealarúis agus leis an Úcráin COM(2026) 82 final
[45] COM/2025/148 final.

**shainaithint agus a leigheas, chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus, i gcás nach dtabharfar aghaidh ar easnaimh thromchúiseacha fós, chun foráil a dhéanamh maidir le freagairtí a d'fhéadfaí a thabhairt.** Is féidir leis an gcóras sin rannchuidiú le comhpháirtíocht iontaofa a thógáil le tríú tíortha chun bagairtí slándála i gcalafoirt a chomhrac.

**Trí rialuithe custaim ar fud chalafoirt an Aontais a ailíniú níos mó, mar aon le prótacail slándála níos fearr ar fud an domhain**, is féidir páirtithe an Aontais agus bonneagar criticiúil a chosaint, trí ionstraimí **amhail 'Gan luchtú a dhéanamh'.** Oibreoidh an Coimisiún **ar mhalartú faisnéise príobháidí poiblí idir cuideachtaí custaim agus cuideachtaí lóistíochta muirí maidir le gáinneáil ar dhrugaí agus trádáil aindleathach. Ina theannta sin, tá an Coimisiún réidh chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a fhéadfaidh ionstraimí in aghaidh trustaí tacú le cur i bhfeidhm na treorach nó na ndea-chleachtas a d'fhorbair Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach.** Faoi Thogra an Aontais maidir le hAthchóiriú Custaim, cuirfidh Údarás Custaim nua an Aontais agus Mol Sonraí Custaim an Aontais ar chumas na n-údarás custaim anailís riosca a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus aghaidh a thabhairt ar shlabhraí soláthair idirnáisiúnta, lena n-áirítear ríomhthráchtáil, ag custaim agus ag comhlachtaí forfheidhmithe dlí eile, trí rialuithe éifeachtacha agus seiceálacha comhréireachta.

Ina theannta sin, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit bearta láidre sláintíochta agus fíteashláintíochta a chur chun feidhme i gcalafoirt. Tá an Coimisiún tiomanta do na sásraí seo a fheabhsú agus iarrann sé ar na Ballstáit bearta rialaithe ar earraí allmhairithe a neartú agus a fheabhsú. Ba cheart do na Ballstáit **tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na reachtaíochta slándála muirí, dea-chleachtais a ghlacadh a roinntear laistigh de Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach chun an choireacht eagraithe (lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí) agus an t-éilliú a chomhrac, agus chun dul i ngleic le slándáil na gcalafort ina hiomláine,** lena n-áiritheofar foireann slándála leordhóthanach agus infheistíochtaí riachtanacha.

### *4.2. Athléimneacht agus ullmhacht calafort agus líonraí lóistíochta a fhorbairt*

Mar thoradh ar ghuaiseacha maidir leis an athrú aeráide, amhail ardú ar leibhéal na farraige, stoirmeacha cósta agus triomaigh chomh maith le díghrádú comhshaoil, bíonn rioscaí méadaithe tuilte agus ionsá sáile ann, rud a imríonn tionchar ar an inseoltacht, ar staid bhonneagar an chalafoirt, agus ar iontaofacht, éifeachtúlacht agus sábháilteacht oibríochtaí calafoirt agus dugaí. Chun tacú leis na Ballstáit maidir le pleanáil ullmhachta agus athléimneachta, **cuirfidh an Coimisiún Creat Comhtháite Eorpach maidir le hAthléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide chun cinn in 2026**.

Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit straitéisí agus pleananna oiriúnaithe náisiúnta a ghlacadh agus a chur chun feidhme[46]. I bhfianaise a leochaileachta agus a dtábhachta straitéisí, ba cheart do **chalafoirt a bpleananna féin um athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt**. Ba cheart go gcuideodh na pleananna sin freisin le cur i gcoinne dhíghrádú an chomhshaoil. Ba cheart treoirlínte maidir le díonadh ar an athrú aeráide le haghaidh bonneagair agus prionsabail 'athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide trí dhearadh' a chur i bhfeidhm, agus calafoirt nua á dtógáil nó calafoirt atá ann cheana á n-athchóiriú, agus le haghaidh forbairt

[46] Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2021/1119, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32021R1119.

bonneagair agus oibríochtúil comhéadan leis na líonraí lóistíochta. **Déanfar malartú dea-chleachtas maidir le gníomhaíocht um athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide i gcalafoirt**, rud a éascófar laistigh den Spás Muirí Eorpach.

Is bagairt nach beag do bhonneagar an Aontais iad tionóiscí agus teagmhais dhrochaigeanta. Níl gréasán iompair ach chomh láidir leis an nasc is laige, dá bhrí sin tá iomarcaíocht leordhóthanach agus naisc mhalartacha i ngréasán GTE-I ríthábhachtach chun slabhraí soláthair a chosaint, suaití eacnamaíocha sistéamacha a chosc agus soghluaisteacht mhíleata agus ullmhacht cosanta a áirithiú. Chun calafoirt a chosaint ar ghuaiseacha nádúrtha agus ar ghuaiseacha de dhéantús an duine, ba cheart do na Ballstáit **calafoirt a áireamh agus an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (Treoir CER) á cur chun feidhme acu[47].** Leis na treoirlínte atá ar na bacáin d'eintitis chriticiúla, éascófar a gcosaint agus sábháilteacht an phearsanra. I gcomhréir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta, ba cheart do na húdaráis ardleibhéal feasachta riosca a chur chun cinn i measc pobal atá lonnaithe gar do limistéir chalafoirt chun é a chur ar a gcumas do chónaitheoirí freagairt agus freagra a thabhairt go héifeachtach i gcás teagmhais.

**Éascóidh comhordaitheoir SME pleanáil athléimneachta le haghaidh nascacht mhuirí agus chúlchríche le Comhordaitheoirí eile Conaire Iompair Eorpaí. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'idir-inoibritheacht na gcalafort laistigh de chóras iarnróid an Aontais chomh maith le 'Stádas Maith Loingseoireachta' a bhaint amach faoi 2030 le haghaidh uiscebhealaí intíre.** Rachaidh sé sin i ngleic le hathléimneacht na n-uiscebhealaí intíre, srianta ar thoilleadh iarnróid, scrogaill críochfoirt agus teorann agus droch-chomhordú i measc bainisteoirí bonneagair.

Córais um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda Tá trasnaíocht agus spúfáil an chórais um loingseoireacht satailíte dhomhanda (GNSS) le feiceáil níos mó agus níos mó i Muir Bhailt, sa Mhuir Dhubh agus sa Mheánmhuir agus d'fhéadfadh imbhuailtí ar muir nó i gcalafoirt a bheith mar thoradh orthu. Le Fíordheimhniú Teachtaireachtaí Loingseoireachta Seirbhíse Oscailte Galileo a rinneadh le déanaí chomh maith le seirbhís faireacháin ar thrasnaíocht radaimhinicíochta, dá bhforáiltear sa Chiste Eorpach um Iomaíochas (CEI) atá beartaithe, cuidítear le haghaidh a thabhairt ar an mbagairt sin atá ag dul i méid[48].

**Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar earraí criticiúla a láimhseáil agus a stóráil i gcomhréir le ceanglais soghluaisteachta míleata, le straitéis AE um stoc-charnadh[49] agus leis an gcóras um shlándáil an tsoláthair a tugadh isteach leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach**. Tá calafoirt agus go háirithe calafoirt bheaga tábhachtach d'ullmhacht an Aontais agus ba cheart róil thábhachtacha a bheith acu nuair a dhéanann na Ballstáit **mapáil, comhroinnt faisnéise agus comhordú a bharrfheabhsú chun stoc-chairn a chur ar bun agus a chosaint agus chun suaitheadh a íoslaghdú**. Leis an bplean gníomhaíochta um shlándáil drón agus slándáil frith-dhrón[50], soláthraítear bosca uirlisí, ina bhfuil tástáil struis ar

[47] http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj
[48] Is féidir le córais spásbhunaithe um fhaire na cruinne amhail Copernicus rannchuidiú le faireachán a dhéanamh ar shlándáil calafort.
[49] COM(2025) 528
[50] COM(2026) 81 final.

bhonneagair chriticiúla, feasacht staide muirí fheabhsaithe, agus ullmhacht chomhordaithe frith-dhrón.

**Ba cheart do na Ballstáit bonneagar, forstruchtúr agus trealamh leochaileach a chosaint agus a neartú agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill, feabhas a chur ar iarrachtaí chun a mbonneagar criticiúil a chruachan. Ba cheart do na Ballstáit iomarcaíocht agus acmhainneacht leordhóthanach a áirithiú chun suaití gearrthéarmacha agus meántéarmacha ina slabhra lóistíochta agus ina soláthar earraí criticiúla a ionsú, rud a d'fhágfadh go háirithe go bhféadfadh na nóid soghluaisteachta míleata is leochailí leibhéil oibríochtúla leordhóthanacha a bhaint amach.**

### *4.3. Neamhspleáchas digiteach don tslándáil eacnamaíoch*

Tá córais dhigiteacha calafoirt, bainistiú tráchta, agus ardáin lóistíochta anois ina mbonneagar straitéiseach. Is é an té a rialaíonn na sonraí a rialaíonn na sreafaí freisin. Is féidir le malartuithe sonraí faisnéis rúnda tráchtála úsáideoirí calafort a nochtadh agus is minic a bhíonn siad ag brath ar chrua-earraí agus ar bhogearraí eachtracha, agus cuid mhór de shonraí an Aontais stóráilte lasmuigh den Aontas. Tá coirpigh agus gníomhaithe Stáit míchairdiúla ag teacht i dtír níos mó agus níos mó ar leochaileachtaí bunúsacha na gcóras digiteach agus na bpróiseas digiteach le haghaidh gáinneáil ar dhrugaí agus cibirionsaithe.

Cé go n-éilítear gníomhaíocht thiomnaithe le saincheisteanna cibearshlándála, ní mór don Aontas dlús a chur le ceannasacht dhigiteach ar na sonraí is bonn leis an iompar sibhialta agus míleata agus í a dhaingniú. Tugtar le tuiscint leis sin réitigh shlána uathoibrithe, bonneagar néalríomhaireachta agus ríomhaireachta, úsáid IS agus nascacht den chéad ghlúin eile (5G/6G, GNSS) chun aon chineál comhéigin a sheachaint mar gheall ar a chumas uathúil ceanglais dhiana a chomhlíonadh i dtéarmaí aga folaigh ghearr agus tréchur ard chun tacú le seirbhísí atá criticiúil ó thaobh misin de.

Tá oibreoirí agus oibrithe oilte de dhíth ar an Aontas freisin, agus iad feasach ar an ról ríthábhachtach atá acu maidir lena áirithiú go bhfeidhmeoidh líonraí bonneagair chriticiúil an Aontais mar ba cheart. In éineacht leis an Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch, tabharfaidh fócas nua ar neamhspleáchas digiteach deiseanna do ghnólachtaí agus d'fhiontraithe an Aontais réitigh dhigiteacha na todhchaí a fhorbairt agus a chur in úsáid chun gníomhaíochtaí coiriúla a bhrath agus chun gníomhú ina n-aghaidh.

Chun an neamhspleáchas digiteach do chalafoirt a threisiú faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair, **tacóidh an Coimisiún le tionscnaimh taighde agus forbartha chun malartuithe sonraí agus stóráil sonraí a dhaingniú do chalafoirt agus do pháirtithe leasmhara feadh slabhraí lóistíochta ilmhódacha.** In éineacht leis na Ballstáit, le hearnáil an iompair, le hearnáil na lóistíochta agus leis an tionscal TF, déanfaidh an Coimisiún **réitigh ar cheannasacht an Aontais maidir le sonraí atá mar bhonn taca faoina iompar sibhialta agus míleata ríthábhachtach a chur chun cinn agus tacóidh sé leo agus lorgóidh sé comhar le tíortha atá ar aon intinn leis.**

### *4.4. Cibearshlándáil*

Cruthaíonn bonneagar casta na gcalafort agus an digiteáil atá ag dul i méid rioscaí móra cibearshlándála[51] do shlabhraí soláthair agus do bhonneagar criticiúil an Aontais, lena n-áirítear ábhair imní maidir le soláthróirí ardriosca a rialaíonn príomhchóras. Tacaíonn treoirlínte Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) maidir le Bainistiú Riosca Cibearshlándála do Chalafoirt agus Treoir[52] na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) maidir le haghaidh a thabhairt ar an gcibearshlándáil ar bord long[53] le cur chun feidhme. Leanfaidh an Coimisiún de bheith **ag comhoibriú le IMO chun caighdeáin chomhchuibhithe dhomhanda chibearshlándála a chur chun cinn don earnáil mhuirí trí chibearchód neamhéigeantach. Tabharfaidh ENISA na treoirlínte maidir le Bainistiú Riosca Cibearshlándála do Chalafoirt cothrom le dáta** le bearta úrscothacha agus leis na forbairtí beartais is déanaí de chuid an Aontais amhail an Dara Treoir NIS).

In éineacht leis an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise agus ENISA, **déanfaidh an Coimisiún measúnú ar rioscaí cibearshlándála ar chalafoirt comhordaithe ar leibhéal an Aontais, chun rioscaí cibearshlándála a shainaithint agus chun bearta maolaithe a mholadh.** San athbhreithniú ar an nGníomh um Chibearshlándáil, molann an Coimisiún creat iontaofa maidir le slándáil an tslabhra soláthair TFC. D'fhágfadh sé sin, bunaithe ar an measúnú riosca slándála ar leibhéal an Aontais, go bhféadfaí srianta comhréireacha a chur ar sholáthróirí ardriosca inár mbonneagar criticiúil. Déanfaidh an Coimisiún tástáil chomhordaithe ullmhachta agus cleachtaí druileála ag calafoirt maidir le cásanna sonracha riosca cibearshlándála.

Chun dea-chleachtais agus faisnéis a mhalartú, tá an Coimisiún réidh chun oibriú leis na Ballstáit i bh**fóram sonrach d'údaráis chibearshlándála agus mhuirí/calafoirt na mBallstát**, bunaithe ar an nGrúpa Comhair maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise arna bhunú de bhun Airteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555. D'fhéadfaí a chumhdach leis sin cibearbhagairtí, teagmhais, leochaileachtaí, neasteagmhais, múscailt feasachta, oiliúint, cleachtaí agus scileanna, fothú acmhainneachta, caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla agus aird ar leith á tabhairt ar chalafoirt bheaga agus mheánmhéide. Lorgófar rannpháirtíocht ENISA, EMSA agus páirtithe leasmhara ábhartha agus comhordú le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, amhail an Lárionad Eorpach um Chomhroinnt agus Anailís Faisnéise Muirí agus tionscnaimh réigiúnacha amhail Mol Slándála Muirí na Mara Duibhe. Moltar sa phacáiste omnibus digiteach pointe iontrála aonair a bhunú chun tuairisciú éigeantach a dhéanamh ar theagmhais chibearshlándála.

| ***Gníomhaíochtaí Suaitheanta*** |
| --- |
| • *An treoir atá ann cheana maidir le slándáil calafoirt a thabhairt cothrom le dáta chun gach bagairt ábhartha a chumhdach go leordhóthanach.*<br>• *Creataí réigiúnacha a fhorbairt i gcomhpháirt le SEGS chun comhoibriú le tríú tíortha chun slándáil calafort a fheabhsú agus oibriú ar rialuithe custaim a ailíniú níos mó ar fud chalafoirt an Aontais, mar aon le prótacail slándála níos fearr ar fud an domhain.* |

[51] Cumhdaítear an chibearshlándáil mhuirí leis an Dara Treoir NIS agus leis an nGníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht agus ar an leibhéal idirnáisiúnta trí Chód ISPS de chuid IMO.

[52] https://www.enisa.europa.eu/publications/guidelines-cyber-risk-management-for-ports .

[53] https://www.emsa.europa.eu/publications/inventories/download/7660/5074/23.html

- *Creat an Aontais a mholadh le haghaidh seiceálacha cúlra d'oibrithe calafoirt.*
- *Fóram a chruthú d'údaráis chibearshlándála agus mhuirí/calafoirt na mBallstát chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú.*
- *Measúnú riosca slándála comhordaithe ar leibhéal an Aontais a dhéanamh chun na rioscaí cibearshlándála a shainaithint agus bearta iomchuí a mholadh chun iad a mhaolú.*

## 5. ROCHTAIN AR MHAOINIÚ & AR INFHEISTÍOCHT

Ní thabharfar aghaidh ar na dúshláin agus ar na róil athraitheacha atá os comhair na gcalafort ach le meascán de chistiú ón Aontas, de chistiú náisiúnta agus de chistiú príobháideach, le tacaíocht ó chreataí rialála intuartha agus ó uirlisí dí-rioscaithe. Tá meastacháin curtha ar fáil ag páirtithe leasmhara ar riachtanais infheistíochta[54], bunaithe ar shreabha trádála méadaithe, iarrachtaí dícharbónaithe, méid soithí atá ag méadú, agus riachtanais inbhuanaitheachta agus athléimneachta. I measc na mbac cistiúcháin tá rochtain ar chistiú slán, costais mhéadaitheacha agus nósanna imeachta ceadaithe fada agus costasacha.

Le cistiú poiblí, i gcomhréir leis na rialacha maidir le státchabhair i gcás inarb infheidhme, laghdaítear rioscaí d'infheisteoirí príobháideacha, rud a chumasaíonn tionscadail a bhfuil luach poiblí nach beag ag baint leo, lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha. Mar sin féin, tá cistiú poiblí teoranta agus **ní mór é a spriocdhíriú chun a thionchar a uasmhéadú (féach Iarscríbhinn 1 le haghaidh prionsabail chistiúcháin).**

Thacaigh an tAontas le tionscadail chalafoirt maidir le fuinneamh, inbhuanaitheacht, nascacht, nuálaíocht agus gnéithe eile faoi roinnt ionstraimí ó bhí 2014 ann, le thart ar EUR 10 mbilliún le haghaidh cur in úsáid agus níos mó ná EUR 200 milliún le haghaidh T&N, lena n-áirítear SCE, CFRE agus cláir chomhtháthaithe, Fís 2020 agus Fís Eorpach[55]. Tabharfaidh an Coimisiún **tosaíocht freisin do thacaíocht d'fhorbairt soláthair cumhachta ar tír i gcalafoirt, i nglao de chuid SCE in 2026.**

Faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile (2028-34), is féidir le roinnt ionstraimí tacú le hinfheistíochtaí i gcalafoirt: d'fhéadfaí a áireamh sa **Chiste Eorpach um Iomaíochas (CEI)** atá beartaithe infheistíochtaí i mbonneagar, forstruchtúr agus trealamh digiteálaithe, glan, slán, dé-úsáide, ilmhódach agus ceannasach i gcalafoirt, lena n-áirítear bonneagar luchtaithe agus teicneolaíocht ghorm. Beidh an t**Saoráid um Chónascadh na hEorpa 2028-2034 (SCE3)**, a bhfuil buiséad iompair EUR 51,5 billiún beartaithe aici, ina príomhionstraim de chuid an Aontais, agus beidh calafoirt mar chuid de thosaíochtaí cistiúcháin nascachta trasteorann[56]. Ba cheart **Fís Eorpach 2028-2034** a bheidh ann amach anseo tacú leis an nuálaíocht i gcalafoirt.

---

[54] Measann Eagraíocht na gCalafort Muirí EUR 80 billiún: https://www.espo.be/media/ESP-3217_InvestmentStudyReport2024_LR.pdf

[55] SCE-I (EUR 3,9 billiún), SCE-F (EUR 856 mhilliún), cláir CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe (EUR 3,7 billiún), an Ciste don Nuálaíocht (EUR 870 milliún), Fís 2020 agus Fís Eorpach (EUR 218 milliún). Ghiaráil InvestEU EUR 200 milliún i gcalafoirt, móide EUR 730 milliún ar earnálacha digiteacha agus ar ghabháil agus stóráil carbóin atá ábhartha do chalafoirt. Tá tacaíocht nach beag á cur ar fáil ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) i roinnt Ballstát do thionscadail maidir le soláthar cumhachta ar tír agus glasú calafort.

[56] Buiséad beartaithe SCE 2028-2034 EUR 29,9 milliún le haghaidh cuspóirí sonracha maidir le fuinneamh, (COM(2025) 547).

Faoin Rialachán atá beartaithe lena rialaítear na **pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí**, áirítear ar cheann de na cuspóirí sonracha bearta lena bhfeabhsaítear bonneagar iompair an Aontais agus lena rannchuidítear le GTE-I a thabhairt chun críche agus nascacht, slándáil agus inrochtaineacht á ndícharbónú agus á bhfeabhsú do limistéir iargúlta, fhorimeallacha agus nach bhfuil chomh nasctha céanna. Leis na cistí atá ar fáil, **beidh na Ballstáit agus na réigiúin in ann, ag brath ar riachtanais agus ar imthosca áitiúla, forbairt a gcalafort a chur chun cinn.**

Mar a leagtar amach i Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais, osclóidh an Ciste don Nuálaíocht, arna mhaoiniú ag CTA AE, glao muirí tiomnaithe in 2027, rud a d'fhéadfadh dul chun tairbhe do thionscadail i gcalafoirt freisin.

Sa tréimhse 2014-2025, chuir Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (Grúpa BEI) tacaíocht ar fáil do thionscadail i gcalafoirt mhuirí agus intíre le thart ar EUR 2,8 billiún ó acmhainní dílse, lena n-áirítear tionscadail maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, dícharbónú, comhtháthú, nuálaíocht, digiteáil, slándáil agus cosaint, foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta agus breoslaí malartacha[57]. **Iarrfaidh an Coimisiún ar aonad comhairleach BEI tacaíocht fothaithe acmhainneachta a sholáthar go sonrach do chalafoirt bheaga agus mheánmhéide GTE-I.** Ina theannta sin, rachaidh an Coimisiún i **dteagmháil le bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh agus le páirtithe leasmhara airgeadais príobháideacha chun réitigh mhaoiniúcháin bhreise a shainaithint** i gcomhréir leis na tosaíochtaí, na critéir agus na coinníollacha a leagtar amach sa straitéis seo.

Tá athrú ag teacht ar thírdhreach dinimiciúil thionscal na gcalafort domhanda thar phríomhghníomhaíochtaí gnó, á leathnú chuig teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí nua a chuireann deiseanna úra ar fáil. Tá go leor calafort ag éagsúlú go rathúil cheana féin, ach tá acmhainneacht ann fós le haghaidh tuilleadh fáis. **Ba cheart do chalafoirt an Aontais straitéisí réamhbhreathnaitheacha as an nua a shaothrú, lena gcomhtháthófar teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus cleachtais nuálacha inbhuanaithe.** Go háirithe, ba cheart do chalafoirt bheaga agus mheánmhéide deiseanna gnó a thapú san aistriú fuinnimh agus sa digiteáil.

## 6. COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA, SCILEANNA & POIST DEA-CHÁILÍOCHTA

### *6.1. Chalafoirt mar nascóirí*

Is cumasóirí ríthábhachtacha iad calafoirt d'fhorbairt eacnamaíoch, d'athléimneacht, do chomhtháthú sóisialta agus críochach na limistéar Artach agus cósta, na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí agus do na 20 milliún saoránach den Aontas atá iontu. Cuireann forbairt thionsclaíoch agus braislí muirí nuálacha i gcalafoirt feabhas ar an ngeilleagar áitiúil, agus cuireann spásanna poiblí agus príobháideacha ar imeall an uisce le tarraingteacht cathracha. D'fhéadfadh iomaíocht don spás agus tionchar diúltach ar an gcomhshaol i limistéir dhlúthdhaonra a bheith mar thoradh air sin.

Leanfaidh an **Coimisiún de thacaíocht a thabhairt don chomhtháthú críochach agus do nascacht na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí**, go háirithe na cinn a bhfuil dúshláin dhéimeagrafacha acu, trí chistiú an bheartais chomhtháthaithe agus tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le haghaidh Iompair (SCE-I) agus **iarrann sé ar na Ballstáit tacú le**

[57] https://www.eib.org/en/products/index: What we offer.

**feabhsuithe bonneagair, fuinnimh agus breosla ghlain, sábháilteachta, agus inbhuanaitheachta do chalafoirt bheaga agus mheánmhéide**, go háirithe ar oileáin, i réigiúin iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí. Áireoidh an Coimisiún **bearta beartais chun rannchuidiú eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta na gcalafort le pobail áitiúla a neartú** faoi chuimsiú na dTeachtaireachtaí maidir le Straitéis um na Pobail Chósta agus Straitéis na nOileán atá ar na bacáin. Chun idirghníomhaíochtaí idir cathracha agus calafoirt a dhéanamh, ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir tosca eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta. Neartóidh an Coimisiún **an t-idirphlé agus tacóidh sé le forbairt dea-chleachtas agus treorach maidir le feabhas a chur ar an gcaidreamh idir cathracha agus calafoirt**[58]. Ina theannta sin, molann an Coimisiún treochlár nua do chalafoirt bheaga agus mheánmhéide iomaíocha.

### *6.2 Lucht saothair oilte agus dálaí oibre sábháilte i gcalafoirt an Aontais*

Tá lucht saothair oilte a gcuirtear oiliúint leanúnach orthu ríthábhachtach chun an t-aistriú cothrom, glan agus digiteach a bhaint amach i gcalafoirt agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara an gheilleagair ghoirm, lena n-áirítear i bpobail áitiúla timpeall ar chalafoirt. Le Straitéis nua um Athnuachan Gorm ó Ghlúin go Glúin faoin gComhshocrú Eorpach um an Aigéan, atá beartaithe do 2027, cuideofar le **lucht saothair oilte den chéad ghlúin eile a fhorbairt ar fud earnálacha uile an gheilleagair ghoirm, lena n-áirítear calafoirt.**

Faoin gComhshocrú treisithe um Scileanna, a fógraíodh in Aontas na Scileanna, molann an Coimisiún do na **comhpháirtithe sóisialta, do na calafoirt agus do pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear ionaid oiliúna ábhartha, comhpháirtíocht thiomnaithe scileanna a bhunú d'earnáil na gcalafort** chun riachtanais scileanna a réamh-mheas, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais, tionscnaimh uas-scilithe agus athscilithe[59] agus rochtain chuimsitheach ar phoist dea-cháilíochta a chur chun cinn, go háirithe do mhná agus do dhaoine óga. Iarrtar ar an tionscal muirí, lena n-áirítear calafoirt, **comhoibriú leis an gcomhpháirtíocht mhórscála don éiceachóras digiteach sa Chomhshocrú um Scileanna** chun tacú le huas-sciliú digiteach in earnáil na gcalafort, agus **gealltanais a chur isteach faoin Acadamh Cibirscileanna** agus **úsáid a bhaint as uirlis an Chreata Eorpaigh um Scileanna Cibearshlándála (ECSF) do ghairmithe calafoirt**. Gníomhaíochtaí comhlántacha faoi Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais chun gairmeacha i mbraisle an mhuiriompair a dhéanamh níos tarraingtí agus chun soghluaisteacht idir róil ar muir agus róil cois cladaigh a chur chun cinn, tá siad an-ábhartha freisin d'earnáil na gcalafort.

Tá feidhm ag acquis an Aontais maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde (OSH) maidir le calafoirt. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach an comhar idir údaráis náisiúnta chalafoirt, cigireachtaí saothair agus gníomhaireachtaí sábháilteachta muirí a neartú, lena n-áirítear comhar trasteorann le tacaíocht ón Údarás Eorpach Saothair, chun oibrithe a chosaint.

---

[58] Trí Mhisean an Aontais maidir le Cathracha Aeráidneodracha Cliste, Misean an Aontais chun ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú, an Comhshocrú Eorpach um an Aigéan, an Straitéis um na Pobail Chósta, gné 'ó fhoinse go muir' na Straitéise maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce. Le tionscnaimh uirbeacha an Aontais, amhail Comhaontú na gCathracha Glasa agus Cúnant na Méaraí, spreagtar spriocanna uaillmhianacha comhshaoil agus aeráide a shaothrú i gcathracha calafoirt.

[59] Ag tógáil ar thionscnaimh amhail an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta, an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta (lena n-áirítear acadaimh ghlan-nialasachta) agus an Treochlár um Poist Dea-cháilíochta.

Ina theannta sin, soiléiríodh le leasuithe a rinneadh le déanaí[60] cur i bhfeidhm na rialacha maidir le himscrúdú tionóiscí muiriompair a bhaineann le hoibrithe calafoirt ar bord long. Leisan Treoir maidir le Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt[61], déantar foráil maidir le córas spotseiceálacha comhlíontachta spriocdhírithe ar shoithí a thagann isteach i gcalafoirt an Aontais. Chun an tsábháilteacht a fheabhsú a thuilleadh, agus le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, **ullmhóidh an Coimisiún treoraíocht maidir le reachtaíocht sábháilteachta muirí a chur i bhfeidhm maidir le hoibrithe calafoirt ar bord long.** Tacóidh an tAontas le tuilleadh taighde agus treorach maidir le **breoslaí malartacha, in-athnuaite, ísealcharbóin agus saor ó charbón a láimhseáil go sábháilte i limistéar an chalafoirt** faoin gclár Fís Eorpach agus **ullmhóidh an Coimisiún ábhar treorach agus oiliúna maidir le breoslaí malartacha a láimhseáil go sábháilte i gcalafoirt.**

Leanfaidh an tAontas d'ardchaighdeáin sábháilteachta agus saothair, idirphlé sóisialta agus dea-chleachtais a chur chun cinn, lena n-áirítear i bhfóraim idirnáisiúnta. **Moltar do na Ballstáit tacú le feabhsuithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta[62] i gcalafoirt agus cur chun feidhme agus urramú reachtaíocht saothair an Aontais agus náisiúnta agus comhaontuithe cómhargála a áirithiú.**

***Gníomhaíochtaí Suaitheanta***

- *Tacú le calafoirt bheaga agus mheánmhéide le treochlár sonrach (Iarscríbhinn 2).*
- *Tacú le lucht saothair oilte den chéad ghlúin eile a fhorbairt ar fud earnálacha uile an gheilleagair ghoirm, lena n-áirítear calafoirt, trí ghníomhaíochtaí faoin Straitéis um Athnuachan Gorm ó Ghlúin go Glúin.*
- *Tacú leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun Comhshocrú um Scileanna a bhunú d'earnáil na gcalafort maidir le huas-sciliú, athsciliú agus cuimsiú oibrithe.*
- *Treoir a ullmhú maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta sábháilteachta muirí maidir le hoibrithe calafoirt ar bord long.*
- *Treoir a ullmhú maidir le breoslaí malartacha a láimhseáil go sábháilte i gcalafoirt.*

## 7. CONCLÚID

Leagtar béim sa Straitéis seo ar ról ríthábhachtach na gcalafort do gheilleagar an Aontais agus dár sochaí. Leagtar amach ann creat chun earnáil chalafoirt an Aontais a dhéanamh slán i bhfad na haimsire, chun feabhas a chur ar a hiomaíochas, agus chun ról na gcalafort don tsochaí a leathnú ar bhealach slán, sábháilte agus inbhuanaithe, agus chun athléimneacht, soghluaisteacht mhíleata agus cibearshlándáil agus slándáil eacnamaíoch a mhéadú. Tá an Coimisiún tiomanta a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é agus go mbainfear amach a chuspóirí i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara thuasluaite go léir. Chuige sin, seolfaidh an Coimisiún **Bord Ardleibhéil um Thionscail agus Calafoirt Mhuirí** faoi chathaoirleacht an Choimisinéara fhreagraigh agus Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin d'fhonn malartú leanúnach a bheith ann maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach

---

[60] http://data.europa.eu/eli/dir/2024/3017/oj
[61] http://data.europa.eu/eli/dir/2024/3099/oj
[62] Lena n-áirítear Treoir 2012/18/AE (Seveso), Treoir 2014/34/AE (ATEX). Treoir 1999/92/CE (sábháilteacht agus cosaint sláinte oibrithe), Treoir (AE) 2024/1788 (Pacáiste Gáis agus Hidrigine).

sa **Straitéis Eorpach Mhuirí Thionsclaíoch agus sa Straitéis Eorpach um Chalafoirt araon** agus chun aiseolas a bhailiú maidir le forbairtí sa mhargadh.

# IARSCRÍBHINN 1: Prionsabail chistiúcháin[63]

**A) Prionsabail choiteanna le haghaidh tionscadail calafoirt de chuid an Aontais sna sruthanna cistiúcháin ábhartha uile ón Aontas:**

- Ba cheart cistiú poiblí a dhíriú ar an tionchar is mó agus is catalaíoch ar dhúshláin phoiblí agus shochaíocha a bhaint amach i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le státchabhair.
- Níor cheart deontais a dhámhachtain ach ar thionscadail ar léir gur chun leas an phobail iad, lena ndéantar infheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil agus a dhí-rioscú.
- Ba cheart a áireamh ar na tosaíochtaí poiblí athléimneacht na slabhraí criticiúla soláthair agus lóistíochta, nascacht, soláthar breoslaí glasa, soláthar agus luchtú cumhachta ar tír, leictriú calafort agus naisc eangaí, bonneagar glas agus oibríochtaí inbhuanaithe calafoirt, cumais dé-úsáide agus slándáil fhisiciúil agus dhigiteach calafort, an choireacht agus an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac, deiseanna fostaíochta a chruthú i bpobail chósta, an geilleagar ciorclach, dramhaíl a laghdú, agus athchúrsáil.
- Ba cheart aird ar leith a thabhairt, ar fud oileán, réigiúin chósta agus réigiúin is forimeallaí, ar chalafoirt bheaga agus mheánmhéide, ag brath ar a riachtanais, agus go háirithe maidir le sábháilteacht, leictriú agus rochtain ar eangacha a fheabhsú.
- Ba cheart tús áite a thabhairt d'fhorbairt réitigh de chuid an Aontais agus ba cheart cur in úsáid na réiteach sin a mhéadú.
- D'fhonn líonra calafoirt athléimneach a chruthú, a bheidh in ann slabhraí criticiúla soláthair agus lóistíochta, soghluaisteacht mhíleata agus nascacht a áirithiú, lena n-áirítear oileáin agus na réigiúin is forimeallaí agus calafoirt mhara an Aontais a chosaint ar bhagairtí idirnáisiúnta.
- Ba cheart calafoirt an Aontais atá neamhchosanta go díreach ar iomaíocht éagórach ó chalafoirt tríú tíortha tairbhiú de chistiú le haghaidh bonneagar glas agus trealamh calafoirt.
- Ba cheart scagadh dlúth a dhéanamh ar chistiú poiblí d'eintitis laistigh de chalafoirt an Aontais atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag leasanna tríú tír i gcásanna a bhaineann le slándáil an Aontais agus le leasanna oird phoiblí lena n-áirítear bonneagair chriticiúla nó dé-úsáide.
- Ba cheart réitigh a dhreasú chun tacú leis an nuálaíocht agus leis an athléimneacht san Aontas, agus ba cheart sineirgí idir earnálacha a fhiosrú.
- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar na tairbhí slándála a d'fhéadfadh a bheith ag baint le brath ar sholáthraithe teicneolaíochta agus seirbhíse ó laistigh den Aontas nó ó thíortha atá ar aon intinn leis.
- Ba cheart réitigh arna moladh ag gníomhaithe i dtíortha an mhéadaithe a mheas mar chuid de shlabhra soláthair níos leithne an Aontais.

**B) Treoirphrionsabail maidir le tacaíocht a thabhairt do thionscadail chalafoirt i dtríú tíortha:**

- Díriú ar chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha, a bhfuil na tosaíochtaí céanna acu, amhail comhchaighdeáin a chur chun feidhme, fothú acmhainneachta maidir le bearta

[63] Tá an Iarscríbhinn seo gan dochar do na nósanna imeachta reachtacha a mhéid a bhaineann le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034 a ghlacadh.

rialála, bonneagar breosla ghlain a leathnú, an comhshaol, an bhithéagsúlacht agus an aeráid a chosaint, tosaíochtaí maidir le méadú, sábháilteacht agus slándáil mhuirí agus chalafoirt, agus gáinneáil ar dhrugaí agus ar dhaoine agus cineálacha eile úsáide neamhdhleathaí nó aindleathaí bonneagair calafoirt a chomhrac. A áirithiú go n-urramófar iomaíocht chóir, urraim do chearta an duine, caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil, cosaint na haeráide, chomh maith le ceanglais sábháilteachta agus slándála.

- Iomaíochas an Aontais a chosaint (lena n-áirítear seiceáil ar iomaíochas chun measúnú a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais do thionscadail chalafoirt a mbeadh tionchar diúltach acu ar ghníomhaíochtaí i gcalafoirt an Aontais laistigh de 300 muirmhíle).
- Dul chun tairbhe do spriocanna beartais an Aontais a bhaineann le nascacht agus trádáil, allmhairiú/onnmhairiú amhábhar criticiúil nó breoslaí in-athnuaite, agus earraí eile atá ríthábhachtach do gheilleagar an Aontais.
- A áirithiú go bhfuil coinníollacha cothroma maidir le rochtain ar an margadh do sheirbhísí calafoirt agus críochfoirt agus do lamháltais chun na seirbhísí sin a sholáthar sna comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha idir an tAontas agus tríú tíortha, agus go bhfuil sásraí soiléire ann chun a gcur i bhfeidhm a leanúint.
- Tacú le comhlíonadh comhaontuithe idirnáisiúnta ceangailteacha uaillmhianacha in IMO.

# IARSCRÍBHINN 2: Treochlár nua do chalafoirt bheaga agus mheánmhéide iomaíocha

Is cuid thábhachtach de chóras calafoirt na hEorpa iad calafoirt bheaga, mheánmhéide agus oileánacha a bhfuil an-acmhainneacht ag baint leo. Tacaíonn siad le pobail chósta, nascacht agus comhtháthú críochach, agus geilleagair réigiúnacha á nascadh agus ag an am céanna rannchuidíonn siad le tosaíochtaí an Aontais ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Tá ról acu freisin in uathriail straitéiseach an Aontais, go háirithe i slabhraí soláthair fuinnimh agus criticiúla, agus tacaíonn siad leis an ngeilleagar gorm, lena n-áirítear iascaigh, chomh maith le codanna tábhachtacha agus speisialaithe den mhargadh amhail iompar paisinéirí, fuinneamh agus leictreachas amach ón gcósta. Dá bhrí sin, tugtar aird ar leith sa straitéis seo ar chalafoirt bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear i ndáil le simpliú, nuálaíocht, an Spás Muirí Eorpach, leictriú agus slándáil. Tacóidh an Straitéis um na Pobail Chósta a thuilleadh le hiomaíochas agus le héagsúlú na réigiún cósta, agus béim ar leith á leagan ar chalafoirt bheaga. **Le treochlár an Choimisiúin maidir le haistriú fuinnimh iascach agus dhobharshaothrú an Aontais**, tabharfar aghaidh freisin ar úsáid fuinnimh in-athnuaite i gcalafoirt bheaga agus tacófar le modheolaíocht chomhchuibhithe an Aontais a fhorbairt chun tomhaltas fuinnimh agus astaíochtaí i gcalafoirt a thomhas. Cuirfear tacaíocht agus treoir spriocdhírithe ar fáil freisin.

- **Tosaíocht chistiúcháin shonrach, cistiú an bheartais chomhtháthaithe agus fothú acmhainneachta airgeadais agus ullmhú tionscadal** ag mol aonad comhairleach BEI.
- **Tacaíocht níos fearr ó na Ballstáit** leis an gcinneadh maidir le Seirbhís lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta.
- **Leictriú láithreán agus braislí tionsclaíocha** a chur chun cinn leis an bPlean Gníomhaíochta um an Leictriúchán atá ar na bacáin.
- **Treoirthionscadail maidir le foinsí malartacha fuinnimh a chomhtháthú** (cistiú féideartha ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe).
- **Ardán BlueInvest** chun tacú le teicneolaíochtaí nua, bailíochtú margaidh, cúnamh teicniúil agus tiomsú airgid a thástáil.
- **Comhairle maidir leis an gcibearshlándáil agus fothú acmhainneachta.**
- Comhghuaillíocht na gCalafort a leathnú chun **dea-chleachtais agus comhairle a roinnt maidir le gáinneáil ar dhrugaí agus gníomhaíochtaí coiriúla a chomhrac.**
- Leis an b**plean oibre maidir leis an Spás Muirí Eorpach (SME)** atá ar na bacáin, tabharfar aghaidh ar mhoil agus naisc loingseoireachta gearrthurais atá inbhuanaithe agus glas a fhorbairt, agus ar chomhar idir calafoirt, agus béim á leagan ar chalafoirt bheaga.
- Áireofar sa **Phlean Gníomhaíochta um Iompar d'Uiscebhealach Intíre le haghaidh na tréimhse 2028-2034**, gníomhaíochtaí sonracha chun comhroinnt eolais a chur chun cinn agus chun tacú le calafoirt intíre.

# IARSCRÍBHINN 3: Achoimre ar ghníomhaíochtaí agus treoraíocht

**Colún I - IOMAÍOCHAS, NUÁLAÍOCHT & DIGITEÁIL A NEARTÚ**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- ó 2026 ar aghaidh, tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh a théann chun tairbhe do gach taobh i gcalafoirt tríú tír i gcomhréir le treoirphrionsabail shoiléire.
- ó 2026 ar aghaidh, prionsabail na straitéise seo a chur i bhfeidhm sa chaibidlíocht maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta agus creataí comhair.
- ó 2026 ar aghaidh, leanúint de rochtain ar an margadh a shaothrú i gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe saorthrádála agus, in éineacht leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), dul i dteagmháil le tríú tíortha chun dálaí córa infheistíochta agus rochtain do ghnólachtaí an Aontais a chur chun cinn.
- ó 2026 ar aghaidh, tacú leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí sa chaighdeánú idirnáisiúnta trí shruth oibre nua maidir le Calafoirt agus críochfoirt nuálacha faoin bhFóram Ardleibhéil um Chaighdeánú Eorpach.
- in 2028, treoraíocht a fhorbairt do na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus creat a fhorbairt chun infheistíochtaí coigríche i gcalafoirt an Aontais a mhapáil agus faireachán a dhéanamh orthu.
- ó 2026 ar aghaidh, béim níos láidre a chur ar an gcur in úsáid tar éis na céime píolótaí i dtionscnaimh Fís Eorpach a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear an topaic shuaitheanta 'Calafoirt na Todhchaí'.
- ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais a neartú maidir le húsáid breoslaí malartacha, leictriú, dearadh, iarfheistiú trealaimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus digiteáil, agus lena n-áirítear córais tiontaithe fuinnimh, ciorclaíocht agus réitigh dhigiteacha.
- ó 2026 ar aghaidh, féachaint leis an gcomhar príobháideach poiblí a threisiú faoi Chlár Réime Fís Eorpach 2028-2034 i réimsí tosaíochta.
- in 2026, na rialacha maidir le rochtain ar shaoráidí seirbhíse iarnróid a neartú.
- in 2028, clár gníomhaíochta um iompar d'uiscebhealach intíre a mholadh, le haghaidh na tréimhse 2028-2034, lena ndíreofar ar chalafoirt intíre.
- faoi 2028, treoirlínte an Aontais a bhunú maidir le comhroinnt éifeachtúil sonraí sa slabhra iompair.
- in 2027, i gcás inarb iomchuí, agus i bhfianaise thoradh an chomhairliúcháin phoiblí freisin, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le tairseacha a athrú agus treoraíocht bhreise a sholáthar, agus samplaí agus soiléirithe léirmhínitheacha a thabhairt ar rialacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Blocdhíolúine, lena n-áirítear le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar calafoirt.
- in 2026, athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte cumaisc an Aontais d'fhonn treoir shoiléir nuashonraithe a chur ar fáil maidir le rialacha cumaisc an Aontais a chur i bhfeidhm ar éifeachtaí cothrománacha agus neamhchothrománacha cumasc araon.

**Déanfaidh comhordaitheoir Eorpach an Spáis Mhuirí Eorpaigh (SME) an méid seo a leanas:**

- tosaíocht a thabhairt, sa phlean oibre SME atá ar na bacáin, do mhoil agus naisc loingseoireachta gearrthurais atá inbhuanaithe agus glas a fhorbairt, do chomhar idir

calafoirt a chur chun cinn, agus béim á leagan ar chalafoirt bheaga, do bhonneagar muirí a uasghrádú, agus do chomhtháthú le hiompar d'iarnród agus d'uiscebhealach intíre.
- pleanáil athléimneachta a éascú trí cheardlanna le Comhordaitheoirí eile Conaire Iompair Eorpaí chun féachaint ar roghanna teagmhasacha maidir le nascacht mhuirí agus chúlchríche i gcás ina gcuirfí isteach ar chalafoirt mhóra ar phríomhbhealaí iompair.

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**
- ról ceannasach a ghlacadh maidir le caighdeáin idirnáisiúnta theicniúla dhomhanda a leagan síos i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear ISO.
- na rioscaí a bhaineann le húinéireacht eachtrach agus rialú bonneagar dé-úsáide straitéiseach agus a n-oibríochtaí gaolmhara a chosc, a mhaolú agus dul i ngleic leo.
- a áirithiú gur féidir rialú poiblí sealadach nó ceart úsáide poiblí sealadach bonneagair, sócmhainní nó trealaimh dé-úsáide straitéisigh a fháil faoin dlí náisiúnta.
- a áirithiú go ndéanfar bearta riachtanacha an Rialacháin maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata a chur chun feidhme go hiomlán agus go pras, a luaithe a ghlacfar iad.
- nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe a chuíchóiriú chun go mbeifear in ann glacadh go tapa leis an nuálaíocht i gcalafoirt.
- ardtosaíocht a thabhairt d'fheabhas a chur ar infhaighteacht agus ar thoilleadh na nasc cúlchríche d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre.

pleanáil úsáide talún agus nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú chun go mbeifear in ann limistéir bhreise a fhorbairt go tapa le haghaidh úsáid calafort.

**Moltar do pháirtithe leasmhara na hearnála an méid seo a leanas a dhéanamh:**
- tacú le glacadh agus dáileadh taighde arna chistiú ag an Aontas, dea-chleachtais a chomhroinnt agus comhpháirtíochtaí agus samhlacha nua gnó a fhorbairt, a théann níos faide ná dúshláin shonracha/áitiúla agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais an mhargaidh i gcoitinne, lena n-áirítear riachtanais calafort beag agus meánmhéide.

**Iarrtar ar na Ballstáit agus ar pháirtithe leasmhara an méid seo a leanas a dhéanamh:**
- na treoirphrionsabail a leagtar amach sa straitéis seo a chur i bhfeidhm freisin maidir lena dtionscnaimh féin agus feabhas a chur ar chomhordú ginearálta agus ar mhalartú faisnéise.
- nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe a chuíchóiriú chun go mbeifear in ann glacadh go tapa leis an nuálaíocht i gcalafoirt.
- tosaíocht níos airde a thabhairt do naisc chúlchríche le hiarnróid agus le huiscebhealaí intíre.
- díriú ar chothromaíocht a bhaint amach idir toradh ar infheistíochtaí d'oibreoirí príobháideacha agus oibleagáidí conarthacha oiriúnacha (fad, coinníollacha trédhearcacha agus cothroma le haghaidh athnuachaintí, clásail solúbthachta) chun athléimneacht, slándáil, sábháilteacht agus laghdú astaíochtaí a áirithiú.

**<u>Colún II - AISTRIÚ FUINNIMH, INBHUANAITHEACHT & TIONSCLAÍOCHT GHLAN A CHUR CHUN CINN</u>**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- in 2026, leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chur in úsáid soláthair cumhachta ar tír agus ar Phlean Gníomhaíochta um an Leictriúchán atá ar na bacáin, bearta nua a thabhairt isteach chun tacú le leictriú calafort agus trédhearcacht níos fearr maidir le praghsáil soláthair cumhachta ar tír a chur chun cinn.
- leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann le cur chun feidhme an Tionscnaimh t-MM chun tacú le nascacht fuinnimh inbhuanaithe i measc chalafoirt na Meánmhara
- i bPacáiste an Aontais Fuinnimh atá ar na bacáin, machnamh a dhéanamh ar conas infhaighteacht breoslaí inbhuanaithe i gcalafoirt a chur chun cinn.
- san athbhreithniú ar AFIR atá ar na bacáin, machnamh a dhéanamh ar bhearta chun dlús a chur le bonneagair breoslaí malartacha don loingseoireacht a chur in úsáid.
- iarrachtaí na mBallstát a chomhordú agus malartú dea-chleachtas a éascú, lena n-áirítear trí threoirlínte.
- faoi dheireadh 2026, measúnú a dhéanamh ar thoilleadh bonneagair agus ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a sholáthar i gcalafoirt agus chuig calafoirt tríd an gComhghuaillíocht um Breoslaí In-athnuaite agus Ísealcharbóin.
- staidéar a choimisiúnú faoin gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan in 2026 chun tacú le gníomhaíochtaí an Choimisiúin i gComhghuaillíocht na gCalafort Domhanda Hidrigine.
- ó 2026 ar aghaidh, tacú le comhpháirtíochtaí le calafoirt, le húdaráis áitiúla agus le braislí tionsclaíocha.
- comhar níos dlúithe ann idir calafoirt, cuideachtaí fuinnimh, oibreoirí eangaí agus údaráis áitiúla a mholadh agus réidh chun treoir neamhfhoirmiúil a sholáthar maidir le saincheisteanna in aghaidh trustaí.
- faoi 2027, sraith ceardlann spriocdhírithe a eagrú do chalafoirt.
- athbhreithniú a dhéanamh ar an nGníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide chun inúsáidteacht na gcritéar scagtha teicniúil a fheabhsú agus iad a shimpliú agus a thabhairt cothrom le dáta chun forbairtí ábhartha beartais, reachtacha agus teicneolaíochta a léiriú.
- féachaint le hastaíochtaí a thomhas agus a thuairisciú ar bhealach níos comhsheasmhaí i limistéir chalafoirt.

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- tacú le teicneolaíochtaí neamhshreinge agus réitigh eangaí cliste, nósanna imeachta digiteálaithe agus úsáid níos fearr a bhaint as sócmhainní eangaí atá ann cheana.
- réitigh bainistithe éilimh a chur chun cinn, go háirithe i gcás calafoirt bheaga agus mheánmhéide.
- sineirgí idir GTE-I agus GTE-F agus pleanáil gréasáin leictreachais eile a neartú agus sa chomhthéacs sin riachtanais ar tír a áireamh, mar a léirítear i bpleananna forbartha gréasáin náisiúnta sna pleananna maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta atá ar na bacáin.
- an toimhde maidir le leas poiblí sáraitheach do bhonneagar eangaí leictreachais, lena n-áirítear soláthar cumhachta ar tír i gcalafoirt, a léiriú i nósanna imeachta náisiúnta agus sna measúnuithe de réir an cháis.
- cuid d'ioncam CTA AE a leithdháileadh ar infheistíochtaí dícharbónaithe muirí ar fud na braisle muirí san Eoraip.

- tacú le comhar struchtúrtha idir calafoirt agus braislí tionsclaíocha áitiúla chun foinsí in-athnuaite fuinnimh, comhroinnt fuinnimh, athúsáid dramhtheasa, réitigh stórála agus forbairt pobal fuinnimh atá dírithe ar chalafoirt a chur chun cinn.
- na forálacha a bhaineann le forbairt calafoirt faoin Treoir Réime maidir le hUisce a úsáid, i gcás inarb ábhartha, agus a áirithiú go gcuirfear rialacha nua comhshaoil maidir le truailliú mara ó loingseoireacht i gcalafoirt chun feidhme go tráthúil.
- aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar thruailleáin aeir i gcalafoirt agus a bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus a gCláir Náisiúnta um Rialú ar Thruailliú Aeir á gcur chun feidhme acu.

**Colún III - CALAFOIRT A CHOSAINT & A DHAINGNIÚ**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- faoi 2027, an treoir atá ann cheana maidir le reachtaíocht slándála muirí a thabhairt cothrom le dáta chun gach bagairt ábhartha a chumhdach go leordhóthanach.
- faoi dheireadh 2026, oibriú le Ballstáit an Aontais i dtreo treoir idirnáisiúnta nuashonraithe laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.
- straitéis an Aontais in aghaidh an éillithe a thíolacadh faoi dheireadh 2026.
- in 2027, creat an Aontais a mholadh le haghaidh seiceálacha cúlra d’oibrithe calafoirt.
- in 2027, iarrachtaí slándála a leathnú chuig calafoirt bheaga agus intíre, lena n-áirítear iad siúd nach gcumhdaítear le Cód ISPS, i gcomhar le coimisiúin aibhneacha.
- in 2027, dea-chleachtais a fhoilsiú chun gáinneáil ar dhrugaí a chosc agus tuilleadh comhair le tíortha is iarrthóirí a fhiosrú.
- faoi 2027, creataí réigiúnacha a fhorbairt i gcomhpháirt le SEGS chun comhoibriú le tríú tíortha chun slándáil calafort a fheabhsú agus oibriú ar rialuithe custaim a ailíniú níos mó ar fud chalafoirt an Aontais, mar aon le prótacail slándála níos fearr ar fud an domhain.
- faoi 2027, obair a dhéanamh ar mhalartú faisnéise príobháidí poiblí dhá threo idir cuideachtaí custaim agus cuideachtaí lóistíochta muirí.
- a bheith réidh chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a fhéadfaidh ionstraimí in aghaidh trustaí tacú le cur i bhfeidhm na treorach nó na ndea-chleachtas a d’fhorbair Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach.
- in 2026, Creat Comhtháite Eorpach maidir le hAthléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide a chur chun cinn.
- ó 2026 ar aghaidh, tacú le tionscnaimh taighde agus forbartha chun malartuithe sonraí agus stóráil sonraí a dhaingniú do chalafoirt agus do pháirtithe leasmhara feadh slabhraí lóistíochta ilmhódacha.
- ó 2026 ar aghaidh, réitigh i leith cheannasacht an Aontais ar shonraí atá mar bhonn taca faoina iompar sibhialta agus míleata ríthábhachtach a chur chun cinn agus tacú leo agus comhar a lorg le tíortha atá ar aon intinn leis.
- in 2027, leanúint de bheith ag comhoibriú le IMO chun caighdeáin chomhchuibhithe dhomhanda chibearshlándála a chur chun cinn don earnáil mhuirí trí chibearchód neamhéigeantach.
- faoi 2027, treoirlínte ENISA maidir le bainistiú cibir-riosca do chalafoirt a thabhairt cothrom le dáta.

- faoi 2027, measúnú riosca slándála comhordaithe ar leibhéal an Aontais a dhéanamh chun na rioscaí cibearshlándála a shainaithint agus bearta maolaithe iomchuí a mholadh.
- faoi 2027, fóram a chruthú d'údaráis chibearshlándála agus mhuirí/calafoirt na mBallstát chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú.

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na reachtaíochta slándála muirí, agus dea-chleachtais a ghlacadh a roinntear laistigh de Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach chun an choireacht eagraithe (lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí) agus an t-éilliú a chomhrac agus chun dul i ngleic le slándáil na gcalafort ina hiomláine.
- tosaíocht a thabhairt d'idir-inoibritheacht na gcalafort laistigh de chóras iarnróid an Aontais chomh maith le 'Stádas Maith Loingseoireachta' a bhaint amach faoi 2030 le haghaidh uiscebhealaí intíre.
- calafoirt a áireamh agus an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (Treoir CER) á cur chun feidhme.
- a áirithiú go ndéanfar earraí criticiúla a láimhseáil agus a stóráil i gcomhréir le ceanglais soghluaisteachta míleata, le straitéis AE um stoc-charnadh agus leis an gcóras um shlándáil an tsoláthair a tugadh isteach leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach.
- mapáil, comhroinnt faisnéise agus comhordú a bharrfheabhsú chun stoc-chairn a chur ar bun agus a chosaint agus chun suaitheadh a íoslaghdú, agus róil shonracha do chalafoirt bheaga á gcur san áireamh.

**Iarrtar ar na Ballstáit agus ar pháirtithe leasmhara an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- pleananna um athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le gníomhaíocht um athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide i gcalafoirt.
- bonneagar, forstruchtúr agus trealamh leochaileach a chosaint agus a neartú agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill, feabhas a chur ar iarrachtaí chun a mbonneagar criticiúil a chruachan.
- iomarcaíocht agus acmhainneacht leordhóthanach a áirithiú chun suaití gearrthéarmacha agus meántéarmacha a ionsú ina slabhra lóistíochta agus ina soláthar earraí criticiúla, rud a fhágfaidh go háirithe go mbeidh na nóid soghluaisteachta míleata is leochailí in ann leibhéil oibríochtúla leordhóthanacha a bhaint amach.

**Déanfaidh Comhordaitheoir SME an méid seo a leanas:**

- pleanáil athléimneachta a éascú le haghaidh nascacht mhuirí agus chúlchríche le Comhordaitheoirí eile Conaire Iompair Eorpaí.

**<u>Colún IV - ROCHTAIN AR MHAOINIÚ & AR INFHEISTÍOCHT</u>**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- na prionsabail chistiúcháin a forbraíodh sa straitéis a chur i bhfeidhm ar fud na n-ionstraimí cistiúcháin uile, lena n-áirítear gníomhaíochtaí ábhartha chun tacú leis an nuálaíocht i gcalafoirt faoin gclár Fís Eorpach 2028-2034.

- tosaíocht a thabhairt do thacaíocht d'fhorbairt soláthair cumhachta ar tír i gcalafoirt, i nglao de chuid SCE in 2026.
- an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcistiú atá ar fáil faoin CAI reatha chun tacú le tosaíochtaí na straitéise.
- iarraidh ar aonad comhairleach BEI, trí JASPERS, tacaíocht fothaithe acmhainneachta a sholáthar go sonrach do chalafoirt bheaga agus mheánmhéide GTE-I.
- teagmháil a dhéanamh le bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh agus le páirtithe leasmhara airgeadais príobháideacha chun réitigh mhaoiniúcháin bhreise a shainaithint do chalafoirt agus d'oibreoirí muirí agus uiscebhealaí intíre.

**Iarrtar ar BEI an méid seo a leanas a dhéanamh:**
- leanúint de mhaoiniú agus tacaíocht chomhairleach a thairiscint don earnáil agus leanúint de bheith i mbun idirphlé leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit, le tairbhithe agus leis an tionscal chun tosaíochtaí na straitéise a chur chun cinn agus chun feabhas a chur ar an rochtain ar chistiú agus ar chúnamh teicniúil do chalafoirt agus do ghnólachtaí de gach méid, go háirithe d'oibreoirí beaga, do chalafoirt agus do FBManna in earnáil na gcalafort.

**Iarrtar ar na Ballstáit agus ar na réigiúin an méid seo a leanas a dhéanamh:**
- ag brath ar riachtanais agus imthosca áitiúla, forbairt a gcalafort a chur chun cinn.

**Iarrtar ar pháirtithe leasmhara tionscail an méid seo a leanas a dhéanamh:**
- straitéisí réamhbhreathnaitheacha as an nua a shaothrú, lena gcomhtháthófar teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus cleachtais nuálacha inbhuanaithe.

**<u>Colún V - COMHTHÁTHÚ SÓISIALTA, SCILEANNA & POIST DEA-CHÁILÍOCHTA</u>**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**
- leanúint de thacaíocht a thabhairt don chomhtháthú críochach agus do nascacht na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí, go háirithe na cinn a bhfuil dúshláin dhéimeagrafacha acu.
- in 2026, bearta beartais a áireamh chun rannchuidiú eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta na gcalafort le pobail áitiúla a neartú i Straitéis na nOileán agus Straitéis um na Pobail Chósta atá ar na bacáin.
- ó 2026 ar aghaidh, idirphléití a neartú agus tacú le forbairt dea-chleachtas agus treorach maidir le feabhas a chur ar an gcaidreamh idir cathracha calafoirt.
- in 2026, tacú le calafoirt bheaga agus mheánmhéide le treochlár sonrach (Iarscríbhinn 2).
- in 2026, treochlár aistrithe fuinnimh a fhoilsiú d'iascach agus do dhobharshaothrú an Aontais.
- in 2027, cuidiú le lucht saothair oilte den chéad ghlúin eile a fhorbairt ar fud earnálacha uile an gheilleagair ghoirm, lena n-áirítear calafoirt, trí ghníomhaíochtaí faoin Straitéis um Athnuachan Gorm ó Ghlúin go Glúin.

- faoi 2027, treoir a ullmhú maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta sábháilteachta muirí maidir le hoibrithe calafoirt ar bord long.
- ó 2026 ar aghaidh, tacú le tuilleadh taighde agus treorach maidir le breoslaí malartacha, in-athnuaite agus ísealcharbóin agus saor ó charbón a láimhseáil go sábháilte i limistéar an chalafoirt faoin gclár Fís Eorpach.
- faoi 2027, ábhar treorach agus oiliúna a ullmhú maidir le breoslaí malartacha a láimhseáil go sábháilte.

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- tacú le feabhsuithe bonneagair, fuinnimh agus breosla ghlain, sábháilteachta agus inbhuanaitheachta do chalafoirt bheaga agus mheánmhéide, go háirithe ar oileáin, i réigiúin iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí.
- tacú le feabhsuithe sábháilteachta agus inbhuanaitheachta i gcalafoirt agus cur chun feidhme agus urramú reachtaíocht saothair an Aontais agus reachtaíocht saothair náisiúnta agus comhaontuithe cómhargála a áirithiú.

**Iarrtar ar na comhpháirtithe sóisialta agus ar pháirtithe leasmhara eile san earnáil an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- comhpháirtíocht thiomnaithe scileanna a bhunú d'earnáil na gcalafort chun tacú le huas-sciliú agus athsciliú agus cuimsiú oibrithe.

**Iarrtar ar an tionscal muirí an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- oibriú i gcomhar leis an gcomhpháirtíocht mhórscála don éiceachóras digiteach sa Chomhshocrú um Scileanna chun tacú le huas-sciliú digiteach in earnáil na gcalafort.
- gealltanais a chur isteach faoin Acadamh Cibirscileanna agus úsáid a bhaint as uirlis an Chreata Eorpaigh um Scileanna Cibearshlándála (ECSF) do ghairmithe calafoirt.